II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

## Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU

(2023/C 80/01)

Ó glacadh an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([1]), tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil. Chruthaigh fogha míleata gan chúis na Rúise faoin Úcráin dúshláin ollmhóra d'aontas fuinnimh an Aontais, rud a chuireann le hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta ghéarchéim COVID-19. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, agus ar iarraidh ón gComhairle Eorpach, mhol an Coimisiún an 18 Bealtaine 2022 cumhacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a neartú faoi chuimsiú phlean REPowerEU.

Le Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, arna leasú leis an Rialachán maidir le caibidlí REPowerEU sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, atá le teacht i bhfeidhm go luath ("Rialachán REPowerEU"), cuirfear feabhas ar chumas na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar chuspóirí phlean REPowerEU agus rannchuidiú le slándáil fuinnimh, éagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear an creat is gá ar fáil chun a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí agus athchóirithe lena neartófar athléimneacht fuinnimh an Aontais a chur chun feidhme a luaithe is féidir. Sainítear ann cuspóirí sonracha REPowerEU ar cheart aghaidh a thabhairt orthu leis na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe atá le cur san áireamh sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta atá ann cheana mar chuid de chaibidlí tiomnaithe REPowerEU. Ina theannta sin, cuirtear foinsí tiomnaithe cistithe ar fáil leis an Rialachán chun na bearta ábhartha a mhaoiniú.

Beidh ról lárnach ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ag a comhpháirt nua REPowerEU freisin maidir le hiomaíochas thionscal an Aontais a neartú. It offers significant additional funding opportunities to accelerate the EU industry's transition towards zero or low-carbon technologies on the road to net zero and to boost the investments in new manufacturing capacities for clean tech. The policy objectives enshrined in the REPowerEU Regulation explicitly include aims that are directly relevant to the accelerated and fair industrial transition to climate neutrality, including industrial decarbonisation, green skills and the development of value chains in technologies strategic to the green transition. I bhfianaise a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus an chothromaíocht fhoriomlán idir tosaíochtaí REPowerEU á cur san áireamh, iarrtar ar na Ballstáit bearta a chomhtháthú ina bpleananna modhnaithe ar bearta iad lena dtacaítear le hiomaíochas na dtionscal teicneolaíochta glaine atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht a ghlac an Coimisiún ([2]), ba cheart bearta rialála a bheith i gceist leis sin go príomha chun dlús a chur leis na nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail teicneolaíochta glaine, buntáistí cánach nó cineálacha eile tacaíochta airgeadais chun cur in úsáid tionscadal teicneolaíochta glaine a dhreasú agus iarracht athnuaite a dhéanamh an lucht saothair a uas-sciliú i dtreo na dteicneolaíochtaí glana sin.

([1]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17).

([2]) Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach an 1 Feabhra 2023, (COM(2023)62). https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52023DC0062

Cuirfidh Rialachán REPowerEU solúbthachtaí breise ar fáil do na Ballstáit faoi chuimsiú chlárthréimhse comhtháthaithe 2014-2020 trí bhearta SAFE (Tacú le Fuinneamh Inacmhainne). Dá bhrí sin, beidh na Ballstáit in ann cistí nár caitheadh a úsáid chun tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do theaghlaigh leochaileacha agus do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide chun cuidiú leo dul i ngleic le costais mhéadaithe fuinnimh. Ní chumhdaítear na bearta seo leis an Treoraíocht reatha.

Mínítear sa Treoraíocht seo an próiseas chun pleananna atá ann cheana a mhodhnú agus na módúlachtaí chun caibidlí REPowerEU a ullmhú. Mínítear i gCuid 1 den treoraíocht seo na forais dhlíthiúla chun Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh a mhodhnú, agus cumhdaítear i gCuid 2 ullmhú agus ábhar chaibidil REPowerEU. Sonraítear ann freisin an fhaisnéis ar cheart do na Ballstáit a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cúiseanna, cuspóirí agus cineál na n-athruithe ar a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Tagann an Treoraíocht seo in ionad na treoraíochta a d'fhoilsigh an Coimisiún i mí na Bealtaine 2022, agus tá an Treoraíocht ó mhí Eanáir 2021 ([3]) bailí fós maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a ullmhú ar an iomlán.

Agus athruithe ar a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta á n-ullmhú acu chun caibidlí REPowerEU a thabhairt isteach, tá sé tábhachtach béim a leagan ar na prionsabail seo a leanas:

— Is é cur chun feidhme pras na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta an chéad tosaíocht fós. Ba cheart do na Ballstáit leanúint de gach iarracht is féidir a dhéanamh chun iarrataí ar íocaíocht a chur isteach in am agus chun dul chun cinn maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a áirithiú, rud a fhágfaidh gur féidir cistí a eisíoc go tráthúil.

— Chun cur in úsáid gasta bhearta REPowerEU a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a chur isteach le caibidlí REPowerEU faoin 30 Aibreán 2023, ar a dhéanaí. Ba cheart do na Ballstáit gach athbhreithniú ar a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur isteach mar chuid d'aguisín aonair. I gcaibidlí REPowerEU, ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhealach cuimsitheach ar na dúshláin atá os comhair na mBallstát.

— Chun a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn tapa i dtreo spriocanna REPowerEU, ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do bhearta atá á gcur chun feidhme cheana agus ar féidir iad a chur chun feidhme go dtí 2026. Ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt freisin ar an tionchar féideartha ar phróifíl eisíocaíochta na n-athruithe ar na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta atá acu cheana. Ar an iomlán, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar sceideal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gclár ama a comhaontaíodh.

— Le hiasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá fágtha, cuirtear cistiú breise ar fáil le haghaidh na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i gcaibidlí REPowerEU. Chun leithdháileadh barrmhaith na n-iasachtaí sin a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a spéis a chur in iúl maidir le hiasachtaí a ghlacadh a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán REPowerEU.

— Níor cheart a n-uaillmhian fhoriomlán a laghdú leis na hathruithe a dhéantar ar na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta faoi Airteagail 18 agus 21, go háirithe maidir le bearta lena dtugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha agus lena gcuidítear le cuspóirí glasa agus digiteacha a bhaint amach. Ba cheart go ndíreofar ar chuspóirí REPowerEU leis na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe breise a áirítear sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta athbhreithnithe.

— Iarrtar ar na Ballstáit freisin a dtaithí ar chur chun feidhme na Saoráide go dtí seo a mheas agus a phlé leis an gCoimisiún, chun a chinneadh an bhféadfaí cuidiú le feabhas a chur ar chur i gcrích athruithe agus infheistíochtaí le hathruithe ar a gcreataí náisiúnta cur chun feidhme.

([3]) https://commission.europa.eu/system/files/2021-01/document_travail_service_part1_v2_en.pdf

## Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| CUID I: | CISTIÚ BREISE AGUS MODHNÚ BREISE AR PHLEANANNA TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA | 4 |
| | I. Réamhrá | 4 |
| | II. Cistiú breise | 4 |
| | III. Réamh-mhaoiniú | 9 |
| | IV. An amendment of the plan to take into account the update of the new maximum financial contribution | 9 |
| | V. Nach féidir an plean a leasú nó plean eile a chur ina ionad toisc nach féidir an plean nó cuid de a bhaint amach a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla | 10 |
| CUID II: | GUIDANCE ON THE DEVELOPMENT AND PRESENTATION OF ADDENDA | 11 |
| | I. The REPowerEU chapter | 13 |
| | II. Treoraíocht ghinearálta maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a mhodhnú | 24 |
| IARSCRÍBHINN I: | IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS | 35 |
| IARSCRÍBHINN II: | TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH DEARBHÚ INTINNE MAIDIR LE hIASACHTAÍ FAOIN tSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA | 37 |
| IARSCRÍBHINN III: | TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH DEARBHÚ INTINNE MAIDIR LE hAISTRITHE ÓN gCÚLCHISTE COIGEARTAITHE BREXIT | 38 |
| IARSCRÍBHINN IV: | TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN bPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA | 39 |
| IARSCRÍBHINN V: | TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH CAIBIDIL REPOWEREU | 44 |

CUID I

## CISTIÚ BREISE AGUS MODHNÚ BREISE AR PHLEANANNA TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

### I. Réamhrá

Agus a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta á modhnú acu, moltar do na Ballstáit é sin a dhéanamh i dtaca le leagan comhdhlúite dá gcéad phlean, lenar cheart na hathruithe a tugadh isteach le linn chéim an mheasúnaithe a léiriú agus a bheith go hiomlán comhsheasmhach leis na cinntí cur chun feidhme ábhartha ón gComhairle(“cinntí cur chun feidhme”). Na Ballstáit nár chomhdhlúthaigh a bplean tosaigh, iarrtar orthu é sin a dhéanamh sula ndéanfaidh siad an plean a mhodhnú. Ba cheart do na Ballstáit pleananna modhnaithe a chur isteach i bhfoirm aguisín a ghabhann lena bpleananna comhdhlúite. Tá teimpléad tiomnaithe le haghaidh aguisín den sórt sin in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoraíocht seo.

Beidh measúnú nua ón gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i gceist maidir le haon mhodhnú ar na pleananna. Beidh gá le cinneadh cur chun feidhme lena bhformheasfar measúnú dearfach ar an bplean ar thogra ón gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 20 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Ina dhiaidh sin, i gcás inar gá, síneofar comhaontú maoinithe agus/nó iasachta nua nó leasaithe idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann agus, sula ndéanfar aon íocaíocht, síneofar socruithe oibríochtúla.

Iarrtar ar na Ballstáit dul i mbun idirphlé neamhfhoirmiúil le seirbhísí an Choimisiúin ar dtús roimh Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a chur isteach. Is é is aidhm don idirphlé sin, cosúil leis an idirphlé a reáchtáladh sular cuireadh na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta tosaigh isteach, cuidiú leis na Ballstáit na modhnuithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a ullmhú.

Moltar go láidir do na Ballstáit Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a chur isteach faoi Aibreán 2023, ar a dhéanaí, roimh sprioc-am dlíthiúil an 31 Lúnasa 2023 chun Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a chur isteach le hiarraidh iasachta. Gan beann ar cibé acu a iarrann nó nach n-iarrann Ballstát iasacht, ós rud é gurb é deireadh 2023 an spriocdháta chun na méideanna atá ar fáil faoin 30 % eile den leithdháileadh deontais a ghealladh, moltar go láidir do na Ballstáit gan aon Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a chur isteach tar éis Lúnasa 2023, toisc nach féidir a ráthú go bhféadfar an próiseas measúnaithe agus glactha a chríochnú in am chun na comhaontuithe maoinithe agus/nó iasachta a shíniú roimh dheireadh 2023. Sa chás sin, bíonn an baol ann don Bhallstát 30 % dá leithdháileadh deontais agus dá rochtain ar iasachtaí a chailleadh.

### II. Cistiú breise

Le teacht i bhfeidhm Rialachán REPowerEU, aon Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a mbeadh tacaíocht airgeadais bhreise i bhfoirm iasachtaí ag gabháil leis, bheadh gá le caibidil REPowerEU a áireamh ann, i gcomhréir le hAirteagal 21c den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, in acmhainní ón gCóras Trádála Astaíochtaí (“CTA”) faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus/nó aistrithe ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Déanfar an tacaíocht airgeadais bhreise a bhaineann le caibidil REPowerEU a eisíoc in éineacht leis an gcuid eile de ranníocaíocht airgeadais na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneacht agus, i gcás inarb infheidhme, an tacaíocht iasachta de réir sceideal coiteann tráthchodanna.

#### Acmhainní CTA le haghaidh REPowerEU

Le Rialachán REPowerEU tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha. Ní fhéadfar na hacmhainní sin a úsáid ach amháin chun athchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU dá dtagraítear in Airteagal 21c(1) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (féach an roinn thiomnaithe i gCuid II) – cé is moite de na bearta atá faoi réir an phrionsabail “gan dochar suntasach a dhéanamh” . Tá gá le garspriocanna agus spriocanna breise chun rochtain a fháil ar an tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha bhreise sin, agus ní mór iad a áireamh i sceideal tráthchodanna gach cinnidh cur chun feidhme. Ní dhéanfar aon idirdhealú idir na foinsí maoinithe don phróifíl eisíocaíochta.

Mar a rinneadh cheana do na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta tosaigh, asbhainfidh an Coimisiún sciar den tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha bhreise a eascraíonn as acmhainní CTA chun caiteachais riaracháin a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 21a(3) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

*Tábla 1*

**Deontais bhreise REPowerEU in aghaidh an Bhallstáit**

| Ballstát | Sciar (% den iomlán) | Méid (in EUR, praghsanna reatha) |
|---|---|---|
| An Bheilg | 1,41 % | 282 138 922 |
| An Bhulgáir | 2,40 % | 480 047 020 |
| An tSeicia | 3,41 % | 681 564 712 |
| An Danmhairg | 0,65 % | 130 911 150 |
| An Ghearmáin | 10,45 % | 2 089 555 318 |
| An Eastóin | 0,42 % | 83 422 597 |
| Éire | 0,45 % | 89 598 110 |
| An Ghréig | 3,85 % | 769 221 929 |
| An Spáinn | 12,93 % | 2 586 147 350 |
| An Fhrainc | 11,60 % | 2 320 955 407 |
| An Chróit | 1,35 % | 269 441 467 |
| An Iodáil | 13,80 % | 2 760 000 000 |
| An Chipir | 0,26 % | 52 487 457 |
| An Laitvia | 0,62 % | 123 982 817 |
| An Liotuáin | 0,97 % | 194 020 453 |
| Lucsamburg | 0,15 % | 30 000 000 |
| An Ungáir | 3,51 % | 701 565 457 |
| Málta | 0,15 % | 30 000 000 |
| An Ísiltír | 2,28 % | 455 041 644 |
| An Ostair | 1,05 % | 210 620 057 |
| An Pholainn | 13,80 % | 2 760 000 000 |
| An Phortaingéil | 3,52 % | 704 419 725 |
| An Rómáin | 7,00 % | 1 399 326 315 |
| An tSlóivéin | 0,58 % | 116 909 535 |
| An tSlóvaic | 1,83 % | 366 959 257 |
| An Fhionlainn | 0,56 % | 112 935 884 |
| An tSualainn | 0,99 % | 198 727 417 |

**Aistrithe agus deiseanna cistithe eile a bhaineann le cistí an Aontais**

Cistí bainistíochta comhroinnte a chumhdaítear le Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027

Foráiltear le hAirteagal 7(1) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go bhféadfaidh na Ballstáit suas le 5 % dá leithdháileadh tosaigh faoi gach Ciste – seachas an Ciste um Aistriú Cóir – a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2021/1060 (Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027) a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcomhréir le coinníollacha Rialachán na bhForálacha Coiteanna. De réir Airteagal 26 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, is féidir suas le 5 % de chistí Rialachán na bhForálacha Coiteanna do thréimhse bhuiséadach 2021-2027 a aistriú chuig aon ionstraim eile de chuid an Aontais a bhainistítear go díreach nó go hindíreach, chun tairbhe eisiach an Bhallstáit lena mbaineann. Beidh feidhm iomlán ag rialacha ionstraim an Aontais a n-aistrítear na hacmhainní chuici. Cuireann an fhoráil seo ar chumas Ballstáit na hacmhainní a bheidh ar fáil dó faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a mhéadú.

Féadfaidh na Ballstáit aistrithe den sórt sin a iarraidh trí leasú ar chlár. Faoi Airteagal 26(3) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027, tabharfar údar cuí le hiarrataí ar aistriú den sórt sin trí leasú ar chlár i ndáil leis na comhlántachtaí agus leis an tionchar atá le baint amach.

Is féidir an fhéidearthacht sin suas le 5 % de na cistí a aistriú faoi Airteagal 26 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027 a úsáid chun laghdú ar leithdháileadh airgeadais na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a chúiteamh i ndáil le haon bheart a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana. Is féidir í a úsáid freisin le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU ([4]).

Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit, de réir Airteagal 26a de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, arna leasú le Rialachán REPowerEU, suas le 7,5 % dá leithdháileadh náisiúnta tosaigh faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an Ciste Comhtháthaithe a úsáid chun tacú le cuspóirí REPowerEU, i gcomhréir le rialacha Ciste-shonracha, trí leasú a dhéanamh ar chlár faoi Airteagal 24 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

*Tábla 2*

**Méideanna atá ar fáil le haghaidh aistrithe faoi Airteagal 26 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna**

| EUR milliún, slánaithe | Na méideanna féideartha atá ar fáil le haghaidh aistrithe faoi Airteagal 26 de RFC 2021-2027 (*amhail ó mhí na Nollag 2022*) (*) |
|---|---|
| BE | 134,7 |
| BG | 363,4 |
| CZ | 910,2 |
| DK | 25,9 |
| DE | 865,9 |
| EE | 153,7 |
| IE | 59,9 |
| EL | 412,8 |
| ES | 1 769,4 |
| FR | 842,6 |
| HR | 435,4 |
| IT | 2 104,9 |
| CY | 45,2 |
| LV | 214,6 |
| LT | 305,1 |
| LU | 2,9 |
| HU | 1 086,4 |
| MT | 24,9 |
| NL | 64,9 |
| AT | 57,5 |
| PL | 3 609,0 |
| PT | 1 112,6 |

([4]) I gcomhréir le hAirteagal 26a(1) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna0 féadfaidh na Ballstáit a bhfuil caibidil REPowerEU á chur isteach acu a iarraidh go n-áireofar suas le 7,5 % dá leithdháileadh náisiúnta tosaigh faoi CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe i dtosaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU, mar a bhunaítear in Airteagal 21c den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ar choinníoll go rannchuidíonn tacaíocht den sórt sin le cuspóirí sonracha an Chiste lena mbaineann, mar a leagtar amach sna Rialacháin Chiste-shonracha. Mar sin féin, níl 7,5 % den leithdháileadh náisiúnta faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna a úsáidtear le haghaidh infheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU mar chuid de chaibidlí REPowerEU, ná de na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta.

| | |
|---|---|
| RO | 1 461,0 |
| SI | 152,9 |
| SK | 617,9 |
| FI | 65,1 |
| SE | 96,3 |

(*) *Bunaithe ar leithdháiltí do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, don Chiste Comhtháthaithe agus do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, tar éis aistrithe a rinneadh i gcomhthéacs ghlacadh na gComhaontuithe Comhpháirtíochta.*

Cúlchiste Coigeartaithe Brexit

Féadfaidh Ballstát a leithdháileadh sealadach iomlán nó cuid dá leithdháileadh sealadach faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta freisin, chun infheistíochtaí agus athchóirithe a chaibidil REPowerEU a mhaoiniú, chun tairbhe eisiach an Bhallstáit lena mbaineann. Faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, íoctar 80 % den leithdháileadh sealadach sin leis na Ballstáit mar réamh-mhaoiniú, arna fhoroinnt ina thrí thráinse de 40 % (in 2021), 30 % (in 2022), agus 30 % (in 2023); d'íocfaí an méid atá fágtha den leithdháileadh sealadach in 2025 tar éis doiciméid lena léirítear caiteachas incháilithe leordhóthanach a fháil.

Íocfar réamh-mhaoiniú bliantúil Chúlchiste Coigeartaithe Brexit do na blianta 2022 agus 2023 faoi dheireadh mhí Aibreáin. Chun go bhféadfar aon rún maidir le haistriú a chur san áireamh sula n-eisíocfar tráinse réamh-mhaoinithe Chúlchiste Coigeartaithe Brexit 2023, tá go dtí an 1 Márta 2023 ag na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon rún cistí Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. This should take the form of an e-mail following the template provided in Annex III. This request should include a general explanation of the common objectives of both the BAR and the REPowerEU chapter, demonstrating that both focus on strengthening the economic, social, and territorial cohesion. Níl coinne leis go gcuirfidh na Ballstáit údar cuí ar fáil le haghaidh gach birt. Nuair a gheobhaidh an Coimisiún an fhaisnéis, cuirfear íocaíocht tráinse réamh-mhaoinithe 2023 ar feitheamh.

Ag brath ar an méid a roghnaíonn an Ballstát a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beidh feidhm ag ceann de na nósanna imeachta seo a leanas:

— I gcás ina bhfuil an méid a aistrítear níos ísle ná an méid atá fágtha den leithdháileadh sealadach nach bhfuil íoctha go fóill faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit (mar réamh-mhaoiniú), déanfar an t-aistriú trí úsáid a bhaint as na méideanna faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a bheadh íoctha murach sin in 2023 agus 2025.

— I gcás ina bhfuil an méid a aistrítear níos airde ná an chuid den leithdháileadh sealadach faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit nár íocadh, aistreofar ar dtús na méideanna nach bhfuil íoctha fós faoi Cúlchiste Coigeartaithe Brexit. Maoineofar an difríocht ansin (i bpáirt nó go hiomlán) leis na méideanna a íocadh cheana in 2021 agus 2022 mar réamh-mhaoiniú Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, ar ghá iad a aisghabháil ar dtús ón mBallstát lena mbaineann. Beidh an deis ag na Ballstáit a chur in iúl gurbh fhearr leo go ndéanfadh an Coimisiún aisghabháil den sórt sin a fhritháireamh, a mhéid is féidir, trí aon íocaíocht oiriúnach amach anseo a laghdú, lena n-áirítear faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

*Tábla 3*

**Leithdháileadh faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit agus réamh-mhaoiniú Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a íocadh**

| EUR milliún, slánaithe | Leithdháileadh faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit | Réamh-mhaoiniú Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a íocadh |
|---|---|---|
| BE | 386,6 | 211,8 |
| BG | 15,4 | 8,4 |
| CZ | 54,9 | |
| DK | 275,0 | 150,7 |
| DE | 646,6 | 354,2 |
| EE | 6,6 | 3,6 |
| IE | 1 165,2 | 638,3 |
| EL | 38,6 | 21,2 |

| | | |
|---|---|---|
| ES | 272,4 | 149,3 |
| FR | 735,6 | 403,0 |
| HR | 7,2 | 3,9 |
| IT | 146,8 | 80,4 |
| CY | 52,1 | 28,5 |
| LV | 10,9 | 6,0 |
| LT | 12,2 | 6,7 |
| LU | 128,5 | 70,4 |
| HU | 57,2 | 31,3 |
| MT | 44,3 | 24,3 |
| NL | 886,3 | 485,5 |
| AT | 27,7 | 15,2 |
| PL | 173,6 | 95,1 |
| PT | 81,4 | 44,6 |
| RO | 43,2 | 23,6 |
| SI | 5,3 | |
| SK | 36,3 | 19,9 |
| FI | 23,2 | |
| SE | 137,4 | 75,3 |
| **AE27** | **5 470,4** | |

**Iasacht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a iarraidh**

Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí nua a mholtar sna pleananna modhnaithe, is féidir leis na Ballstáit leas a bhaint fós as cistiú faoi choinníollacha maoinithe iasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá thar a bheith fabhrach. Moltar go háirithe do na Ballstáit brath ar an bhfoinse cistithe sin, a fhéadfaidh an Coimisiún a dheonú go dtí deireadh 2023, chun athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú. Tá na hiasachtaí sin oiriúnach go háirithe chun cumhdach a dhéanamh ar na riachtanais airgeadais níos airde atá nasctha le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí is gá chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí REPowerEU.

Is é an 31 Lúnasa 2023, mar a leagtar amach in Airteagal 14(2) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an sprioc-am deiridh do na Ballstáit chun iarraidh iasachta a chur isteach, lena n-áirítear na hiarrataí sin a leithdháiltear faoi Airteagal 14(6) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Within 30 days after the entry into force of the REPowerEU Regulation, Member States should communicate to the Commission the intention to request a loan via a letter following the template provided in Annex II. This obligation also applies to those Member States that have already taken up loans up to the maximum indicated in Article 14(5) of the RRF Regulation (6.8 % of their GNI) ([5]). Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith curtha isteach cheana, i gcás inar féidir, agus ba cheart léiriú a bheith inti ar mhéid na tacaíochta iasachta atá le hiarraidh chomh maith le liosta tosaigh de na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a dtabharfar tacaíocht dóibh leis na hiasachtaí sin. Is é is aidhm dó sin intuarthacht bhuiséadach níos fearr agus dreasachtaí breise a chur ar fáil do na Ballstáit chun tacaíocht iasachta den sórt sin a iarraidh, agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm, gan dochar do sprioc-am an 31 Lúnasa 2023, a leagtar amach in Airteagal 14(2) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Ar bhonn na faisnéise ó na Ballstáit uile, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle, gan aon mhoill mhíchuí, forbhreathnú ar na rúin a cuireadh in iúl agus molfaidh sé bealach chun cinn maidir le dáileadh na n-acmhainní atá ar fáil, agus aird á tabhairt, *inter alia*, ar riachtanais na mBallstát iarrthach agus ar na hiarrataí ar thacaíocht iasachta atá curtha isteach cheana nó atá beartaithe ag Ballstáit eile a chur isteach. I gcás ina sárófaí na méideanna a bhí ar fáil leis na hiarrataí ar iasacht, chuirfeadh an Coimisiún san áireamh, i gcomhréir leis an ngá atá ann a áirithiú gur freagairt chuimsitheach chothromaithe ar staid eacnamaíoch agus shóisialta na mBallstát atá sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, cibé acu a rannchuidíonn nó nach rannchuidíonn an cistiú breise a iarradh os cionn na huasteorann 6,8 % le caibidlí REPowerEU.

([5]) OIN 2019 le scoithdháta Bealtaine 2020 i gcomhréir le haithris [48] den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis.

I gcomhréir le hAirteagal 14(1) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, féadfar tacaíocht iasachta a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023. Dá réir sin, ba cheart go dtiocfadh gach comhaontú iasachta i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2023. Dá bhrí sin, roimh an dáta sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit lena mbaineann na comhaontuithe iasachta a shíniú agus ba cheart don Choimisiún na tuairimí dlíthiúla a fháil lena ndeimhneofar gur comhlíonadh gach ceanglas bunreachtúil agus dlíthiúil a bhaineann le teacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe sin.

Ba cheart údar a thabhairt go cúramach le hiarraidh ar thacaíocht iasachta agus ba cheart an méid seo a leanas, go háirithe, a bheith san áireamh ann:

— údar le riachtanais airgeadais níos mó;

— liosta d'athchóirithe breise agus d'infheistíochtaí breise, mar aon leis na garspriocanna agus na spriocanna comhfhreagracha;

— cost estimates for the revised RRP.

Is féidir riachtanais airgeadais níos mó a bheith mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

— athchóirithe agus infheistíochtaí breise, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha agus ar dhúshláin REPowerEU;

— Laghdú ar ranníocaíocht uasta airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann, agus roinnt de na bearta a aistriú dá réir ó thacaíocht neamh-inaisíoctha chuig iasachtaí, ionas nach n-ísleofar uaillmhian fhoriomlán a phlean; Ní bheadh gá le hathchóirithe ná infheistíochtaí breise chun údar a thabhairt le hiarrataí iasachta den sórt sin;

— iasacht a iarraidh chun bearta i gcaibidil REPowerEU a mhaoiniú.

## III. **Réamh-mhaoiniú**

Chun a áirithiú go dtabharfar tús-ualú don tacaíocht airgeadais agus go n-úsáidfear í chun freagairt níos tapa don ghéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair, is féidir leis na Ballstáit réamh-mhaoiniú uasta suas le 20 % den chistiú breise is gá chun na bearta a mhaoiniú ina gcaibidlí REPowerEU a iarraidh. D'fhéadfadh na foinsí seo a leanas a bheith i gceist leis an maoiniú breise sin:

— Ioncam CTA nua, i gcomhréir le hAirteagal 21a;.

— Acmhainní aistrithe ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, i gcomhréir le hAirteagal 21b;

— Acmhainní aistrithe ó na cláir bheartais chomhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 7;

— Iasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 14;

— Tacaíocht neamh-inaisíoctha bhreise, tar éis nuashonrú mhí an Mheithimh 2022 i gcomhréir le hAirteagal 18.

Íocfar an réamh-mhaoiniú in suas le dá thráinse; an chéad íocaíocht laistigh de 2 mhí tar éis don Choimisiún an gealltanas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a ghlacadh agus an dara ceann laistigh de 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an chinnidh cur chun feidhme lena bhformheastar an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ina bhfuil caibidil REPowerEU.

Beidh íocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do réamh-mhaoiniú faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, go háirithe faoi réir infhaighteacht na gcistí ó chuntas NextGenerationEU, aistriú éifeachtach acmhainní roimh ré ó chláir bainistíochta comhroinnte agus na leithreasuithe a fhormheastar i mbuiséad bliantúil an Aontais, chomh maith leis na hioncaim faoi Airteagal 21d. Ní rachaidh gach ceann den dá thráinse d'íocaíochtaí réamh-mhaoinithe le haghaidh acmhainní a aistrítear faoi Airteagal 26 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna thar EUR 1 bhilliún san iomlán, i gcás na mBallstát uile. Déanfar an réamh-mhaoiniú a íoc tar éis measúnú a dhéanamh ar na hiarrataí uile arna gcur isteach ag na Ballstáit agus, más gá, ar bhonn *pro rata* chun an uasteorainn fhoriomlán EUR 1 bhilliún a urramú. Déanfar an ranníocaíocht airgeadais agus, i gcás inarb infheidhme, méid na tacaíochta iasachta atá le híoc a choigeartú go comhréireach chun an réamh-mhaoiniú breise sin le haghaidh chaibidlí REPowerEU a chur san áireamh.

## IV. **An amendment of the plan to take into account the update of the new maximum financial contribution**

Faoi Airteagal 18(2) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, is féidir leis na Ballstáit a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a nuashonrú chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh tar éis an ríomha dá dtagraítear in Airteagal 11(2). D'fhoilsigh an Coimisiún an nuashonrú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh na mBallstát uile an 30 Meitheamh 2022 ([6]).

([6]) Nóta ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 30 Meitheamh 2022 "An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: Nuashonrú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais".

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cheart go leanfadh na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe de bheith chomh huaillmhianach leis na pleananna tosaigh (nó uaillmhian mhéadaithe a shaothrú) agus leanúint de na critéir mheasúnaithe uile sa Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chomhlíonadh. Go háirithe, ní mór do na Ballstáit leanúint d'aghaidh éifeachtach a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar mór de na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha chomh maith le tosaíochtaí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

Faoi Airteagal 18(2) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, féadfaidh na Ballstáit a mholadh bearta agus a ngarspriocanna agus a spriocanna a choigeartú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ranníocaíocht uasta airgeadais. Agus measúnú á dhéanamh ar na hathruithe sin (i gcomhar, i gcás inarb ábhartha, le hAirteagal 14, le haghaidh bearta breise a bhaineann leis an tacaíocht iasachta), breithneoidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

— an bhfuil sé léirithe ag an mBallstát go bhfuil nasc idir na modhnuithe atá beartaithe agus an t-athrú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais;

— éifeachtaí foriomlána na modhnuithe uile atá beartaithe sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta athbhreithnithe, lena n-áirítear bearta nua agus bearta méadaithe i gcaibidlí REPowerEU, i bhfianaise na gcritéar measúnaithe uile nach mór don phlean a chomhlíonadh.

Ní féidir na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a nuashonrú chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán RRF ach uair amháin agus roimh dheireadh 2023. Chun nuashonrú na ranníocaíochta uasta airgeadais a chur san áireamh agus chun an méid a chomhfhreagraíonn do 30 % den ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur in áirithe go dlíthiúil, ba cheart an comhaontú maoinithe a leasú in 2023. Chun barrfheabhas a chur ar an bpróiseas, moltar go láidir do na Ballstáit plean modhnaithe amháin a chur isteach, lena n-áirítear athruithe Airteagal 18(2) agus caibidil REPowerEU a thabhairt isteach faoin 30 Aibreán 2023.

Ar na samplaí de na cineálacha athruithe a d'fhéadfaí a mholadh faoi Airteagal 18(2), laistigh de na breithnithe thuas, áirítear na nithe seo a leanas:

— méid na tacaíochta iasachta nó na n-aistrithe a mhéadú mar chúiteamh ar laghdú ar an ranníocaíocht airgeadais;

— spriocanna, nó sraith chomhleanúnach spriocanna, a mhéadú nó a laghdú, agus athrú comhréireach ar chostas measta an bhirt/na mbeart lena mbaineann;

— bearta a chur isteach nó a bhaint i ndáil leis an athrú ar an ranníocaíocht airgeadais;

— amlíne na ngarspriocanna agus na spriocanna a athrú nó tuairisc ar an mbeart agus ar an ngarsprioc/sprioc a ndéanann an t-athrú ar an ranníocaíocht airgeadais difear dóibh a oiriúnú.

Is féidir leis na Ballstáit athruithe ar gharspriocanna agus ar spriocanna a mholadh i roinnt beart nasctha chun an t-athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chur san áireamh, mar shampla trí roinnt beart beag gaolmhar a chuíchóiriú in aon bheart amháin. Sa chás sin, bheadh ar an mBallstát garspriocanna agus spriocanna sonracha a ionadú agus, dá réir sin, cur le huaillmhian garspriocanna agus spriocanna eile nó iad a mhéadú, ar choinníoll go bhfuil costais mheasta fhoriomlána an phlean cothrom leis an ranníocaíocht airgeadais nuashonraithe nó go sáraítear iad léi, agus go léiríonn an Ballstát an nasc idir an t-athrú ar an leithdháileadh agus na leasuithe atá beartaithe ar an bplean. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar an ranníocaíocht airgeadais a laghdú nó a athrú agus údar á thabhairt leis an uaillmhian agus an costas measta a bhaineann le cuid de na bearta i gcomhpháirt a laghdú, agus na costais mheasta agus an uaillmhian a bhaineann le bearta eile a mhéadú ag an am céanna.

**Athbhreithniú síos**

Fiú má laghdaíodh ranníocaíocht uasta airgeadais deiridh na mBallstát, moltar dóibh leanúint dá bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme, ag brath dóibh ar fhoinsí eile cistithe. Laistigh de chreat na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, is rogha mhalartach thábhachtach iad iasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta faoi Airteagal 14, mar aon le haistrithe ó chistí eile de chuid an Aontais nó úsáid foinsí náisiúnta. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 21c(2), is féidir leis na Ballstáit laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais a chúiteamh le maoiniú breise do chaibidil REPowerEU trí bhearta incháilithe atá ann cheana a áireamh ina gcaibidlí REPowerEU, suas le méid costas measta atá cothrom leis an laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais, i gcomhréir le hAirteagal 11(2). Déanfar an laghdú sin a ríomh trí chomparáid a dhéanamh ar an difríocht idir an ranníocaíocht uasta airgeadais bunaithe ar réamhaisnéis OTI do 2020 agus 2021 (lúide na speansais riaracháin) agus an ranníocaíocht airgeadais uasta deiridh arna foilsiú ag an gCoimisiún tar éis foilsiú sonraí deiridh OTI (lúide costais riaracháin). Go praiticiúil, chun na costais mheasta a ríomh, úsáidfidh an Coimisiún costais mheasta codanna de bhearta atá san áireamh cheana i gcinntí cur chun feidhme glactha a d'aistreofaí chuig caibidil REPowerEU (seachas bearta nua, agus sa chás sin beidh gá le meastacháin chostais nua).

**Athbhreithniú suas**

Na Ballstáit a bhfuil ranníocaíocht uasta airgeadais níos airde acu tar éis an nuashonraithe, féadfaidh siad úsáid a bhaint as na cistí breise atá ar fáil trí athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a mholadh nó trí na cinn atá beartaithe cheana a mhéadú. Moltar go láidir dóibh na hioncaim bhreise a leithdháileadh go hiomlán ar chuspóirí REPowerEU, agus moltaí tírshonracha 2022 agus, más infheidhme, moltaí tírshonracha 2023 á gcur san áireamh. Chun tairbhe iomlán a bhaint as an ranníocaíocht uasta airgeadais mhéadaithe, ba cheart go mbeadh costais mheasta a bpleananna modhnaithe ag freagairt don ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe ar a laghad.

Is féidir leis na Ballstáit a bhfuil ranníocaíocht uasta airgeadais níos airde acu úsáid a bhaint as Airteagal 18 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun a iarraidh bearta atá ann cheana a mhodhnú, ar choinníoll go bhfuil gá leis na hathruithe a bhfuil údar cuí leo chun gur féidir bearta nua nó bearta méadaithe a thabhairt isteach, go háirithe iad siúd i gcaibidlí REPowerEU.

## V. Nach féidir an plean a leasú nó plean eile a chur ina ionad toisc nach féidir an plean nó cuid de a bhaint amach a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla

Faoi Airteagal 21 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tá an deis ag na Ballstáit leasú ar a bplean a iarraidh mura féidir garsprioc nó sprioc amháin nó níos mó a bhaint amach ina bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a thuilleadh de bharr cúinsí oibiachtúla. Mar sin féin, leis an bplean leasaithe, ní mór aghaidh a thabhairt fós ar gach moladh tírshonrach ábhartha nó ar fhothacar mór díobh chomh maith leis na critéir mheasúnaithe eile go léir dá bhforáiltear sa Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Rinneadh difear mór do phraghsanna fuinnimh agus ábhar tógála de dheasca fhogha na Rúise faoin Úcráin. Cuireann sé brú breise ar shlabhraí soláthair domhanda freisin. Ní fhéadfaí a bheith ag súil le déine na bhforbairtí sin tráth a raibh an tSaoráid bunaithe, agus tráth a chuir formhór na mBallstát a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta isteach. D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag na forbairtí sin ar sheachadadh roinnt infheistíochtaí a áirítear sna pleananna agus is féidir iad a agairt mar imthosca oibiachtúla, mar thaca le hiarraidh faoi Airteagal 21.

Mar gheall ar imthosca oibiachtúla, is féidir nach bhféadfaí beart a bhaint amach a thuilleadh leis an leibhéal measta costais nó éifeachtúlachta nó is féidir go sainaithneofaí rogha mhalartach níos fearr atá níos fabhraí chun na cuspóirí céanna atá ag an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó ag an 11 chritéar measúnaithe a bhaint amach. Sna cásanna sin, beidh ar an mBallstát na heilimintí oibiachtúla atá mar bhonn taca leis na neamhéifeachtúlachtaí gan choinne a eascraíonn as cur chun feidhme an bhirt bhunaidh mar a bhí beartaithe ar dtús a thabhairt chun cinn agus a léiriú go bhfuil an rogha mhalartach atá beartaithe níos oiriúnaí chun cuspóirí beartaithe an bhirt sin a bhaint amach. Mar shampla, d'fhéadfadh an Ballstát fianaise a chur chun cinn go bhfuil an beart malartach níos costéifeachtaí nó níos fabhraí chun cuspóirí beartais an athchóirithe nó na hinfheistíochta a bhaint amach.

I bhfianaise a thábhachtaí atá cuspóirí REPowerEU chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair, luaitear go sainráite sa Rialachán leasaithe maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta gur féidir coinbhleacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir beart atá ann cheana a leagtar síos sa chinneadh cur chun feidhme agus cuspóirí REPowerEU a agairt mar imthoisc oibiachtúil faoi Airteagal 21. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhonn cás ar chás cibé acu ar léirigh nó nár léirigh Ballstát fíorais atá infhíoraithe go hoibiachtúil ina leith sin.

Agus Airteagal 21 á agairt ag na Ballstáit chun a bplean a leasú, tá siad freagrach as údar leordhóthanach a chur ar fáil chun tacú leis na hathruithe atá beartaithe agus is féidir leo an cineál fianaise agus faisnéise ba mhaith leo a chur chun cinn chun tacú lena réasúnaíocht a roghnú. Is iad cineál agus nádúr na n-athruithe, agus na himthosca oibiachtúla atá á agairt, a chinnfidh méid na faisnéise is gá a sholáthar. Mar shampla, ní gá do na Ballstáit fianaise a sholáthar maidir le himthosca a bhfuil eolas forleathan orthu (e.g. ganntanais sna slabhraí soláthair) ach ba cheart dóibh faisnéis shonrach a sholáthar maidir le tionchar na n-imeachtaí sin ar na bearta agus ar na garspriocanna agus na spriocanna nithiúla.

Is féidir na cásanna seo a leanas a úsáid mar shamplaí de na cineálacha athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh faoi Airteagal 21 agus den chineál faisnéise a bheadh ar na Ballstáit a chur isteach: ([7])

— Molann Ballstát go modhnófaí sprioc a bhaineann leis an líon foirgneamh nó an t-achar urláir ar cheart a athchóiriú, mar gheall ar mhéadú mór ar phraghsanna ábhar tógála. Chun tacú lena iarraidh, cuireann sé faisnéis ar fáil maidir le boilsciú san earnáil tógála ina gheilleagar agus cuireann sé a sprioc in oiriúint go comhréireach leis na costais mhéadaithe, baineann sé an beart nó iarrann sé maoiniú breise chun na costais mheasta mhéadaithe a chlúdach (cuireann sé fianaise riachtanach chostála ar fáil i ngach cás).

([7]) Is chun críocha léiriúcháin amháin na samplaí seo agus ní dhéantar réamhbhreith leo ar bhealach ar bith ar mheasúnú an Choimisiúin ar an údar a chuir an Ballstát chun cinn.

— Molann Ballstát infheistíocht a bhaineann le soláthar sár-ríomhaire a bhaint mar gheall ar ghanntanais sa slabhra soláthair do leathsheoltóirí. Tá forbhreathnú gonta ag gabháil leis an iarraidh ar na hiarrachtaí a rinne na húdaráis an táirge ábhartha a fháil agus, i gcás ina mbeidh fáil air, fianaise ar an nós imeachta tairisceana ar theip air.

— Molann Ballstát go n-athrófaí téarmaí garsprice a bhaineann le coirí a ionadú i dteaghlaigh, d'fhonn coirí gáis a eisiamh ó raon feidhme na tacaíochta, ós rud é go dtéann a soláthar i gcoinne cuspóirí REPowerEU, ar imthosca oibiachtúla atá ann de réir Rialachán REPowerEU.

— Aithníonn Ballstát bealach i bhfad níos costéifeachtúla chun mol iompair a thógáil agus ba mhaith leis na sonraíochtaí teicniúla ábhartha a athrú sa gharsprioc chomhfhreagrach. Tá nóta ag gabháil leis an iarraidh sin ina mínítear an cineál anailíse a rinneadh chun a chinneadh go mbeadh an modh nua níos costéifeachtúla agus go mbainfí na torthaí foriomlána céanna as.

— Ba mhaith le Ballstát saintréithe gléasra hidreachumhachta a athrú, ós rud é go bhféadfadh sé aschur fuinnimh i bhfad níos fearr a chur ar fáil, in ainneoin costais beagán níos airde. Cuireann an Ballstát anailís ghairid ar fáil maidir leis an gcaoi a gcuirfeadh saintréithe nua an ghléasra hidreachumhachta feabhas ar a fheidhmíocht fhoriomlán, chomh maith le meastachán costais nuashonraithe ar an mbeart.

Leis na hathruithe atá beartaithe, níor cheart uaillmhian fhoriomlán na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a laghdú, ba cheart a áirithiú go leanfaidh na pleananna de mholtaí tírshonracha a chomhlíonadh agus nach mbeidh cúl-ualú ar an gcur chun feidhme i dtreo bhlianta deireanacha na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta mar thoradh orthu. Thairis sin, ba cheart bearta a chuirtear in ionad na mbeart sin a mheastar a bheith do-ghnóthaithe a bheith ina gcuidiú, a mhéid is féidir, le cuspóirí REPowerEU (e.g. aistriú ó choirí gáis go teaschaidéil).

| Cás | Bunús dlí |
|---|---|
| Caibidil REPowerEU a chur leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta | Airteagal 21c |
| Coigeartú ar bhearta sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta tar éis an ranníocaíocht uasta airgeadais a nuashonrú | Airteagal 18(2) |
| Leasú ar bhearta sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta mar gheall ar imthosca oibiachtúla a fhágann nach bhféadfar na bearta sin a bhaint amach a thuilleadh | Airteagal 21 |
| Bearta breise a chur leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta chun iasachtaí breise faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a ghlacadh | Airteagal 14 |
| Meascán de na cásanna thuas | Airteagail 14, 18(2), 21 nó 21c |

CUID II

## GUIDANCE ON THE DEVELOPMENT AND PRESENTATION OF ADDENDA

Tugtar treoraíocht fhoriomlán sa roinn seo maidir le forbairt agus cur i láthair an aguisín a ghabhann le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU a ullmhú. Ar fud na Coda seo, úsáidtear an téarma "modhnú" chun gach athrú ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh a chumhdach, beag beann ar an mbunús dlí. Agus pleananna na mBallstát á modhnú acu, ba cheart dóibh fianaise a sholáthar a bhaineann leis na critéir mheasúnaithe a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chomh maith le faisnéis nuashonraithe dá dtagraítear in Airteagal 18 agus in Airteagal 21c den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Ba cheart méid na faisnéise nua a chuirfear ar fáil a bheith comhréireach leis na hathruithe a mholtar san aguisín. Mura bhfuil aon tionchar ag na hathruithe atá beartaithe ar roinn ar leith, ní gá an chuid ghaolmhar den teimpléad a líonadh isteach. Agus caibidil REPowerEU á cur isteach, ba cheart í a chur isteach i bhfoirm comhpháirte breise le haghaidh na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí tiomnaithe sin. Níl aon ghá athstruchtúrú a dhéanamh ar an bplean a glacadh cheana féin agus ba cheart aon athrá a sheachaint.

Tá Cuid II roinnte ina dá phríomhroinn: sa chéad roinn, tugtar treoraíocht maidir le caibidlí REPowerEU a ullmhú agus sa dara roinn tugtar treoraíocht maidir leis an bhfaisnéis ba cheart a chur isteach mar chuid den mhodhnú ginearálta ar na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta.

## I. The REPowerEU chapter

### 1. *Athchóirithe agus infheistíochtaí*

Beidh na bearta i gcaibidlí REPowerEU ina n-athchóirithe agus a n-infheistíochtaí nua ar cuireadh tús leo ón 1 Feabhra 2022 ar aghaidh nó ina gcuid mhéadaithe d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a áirítear sna Cinntí Cur Chun Feidhme a glacadh cheana (agus dáta tosaigh ón 1 Feabhra 2020 acu). Sa chás deiridh sin, ní áiritheofaí ach an chuid mhéadaithe den bheart atá ann cheana i gcaibidil REPowerEU. Na Ballstáit atá faoi réir laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais, i gcomhréir le hAirteagal 11(2), féadfaidh siad aon bheart i gCinntí Cur Chun Feidhme a glacadh cheana a áireamh freisin gan iad a mhéadú, suas le méid de na costais mheasta atá comhionann leis an laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin, sna cásanna sin, go mbeadh codanna de bhearta a áirítear i gCinntí Cur Chun Feidhme cheana féin i gcaibidil REPowerEU a bhfuil a gcostais níos ísle ná an laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais nó comhionann leis.

Ba cheart feabhas substainteach a thabhairt isteach i leibhéal uaillmhéine an bhirt tosaigh le beart méadaithe. Ba cheart é sin a léiriú i ndearadh nó i leibhéal na ngarspriocanna agus na spriocanna comhfhreagracha. Mar shampla, d'fhéadfadh Ballstát beart a choinneáil ar bun i gcomhpháirt atá ann cheana sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, ach an sprioc i gcaibidil REPowerEU a mhéadú go mór chun leas a bhaint as an gcistiú nua atá ar fáil. Mar shampla, méadú ar acmhainneacht ghiniúna leictreachais ó foinsí in-athnuaite fuinnimh ó 1 000 MW go 1 300 MW, chuirfí i láthair é mar mhéadú 300 MW; dá méadófaí líon na bhfoirgneamh athchóirithe (agus coigilteas fuinnimh os cionn 30 % á bhaint amach) ó 20 000 go 30 000 aonad tithíochta, mheasfaí é sin a bheith ina mhéadú 10 000 aonad tithíochta ar an mbeart.

Ba cheart a mheabhrú gur cheart, leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí, rannchuidiú le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin ar fad arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar fho-thacar mór díobh, lena n-áirítear na moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle faoi thimthriallta Sheimeastar 2022, Sheimeastar 2023 agus timthriallta na Seimeastar ina dhiaidh sin, sula gcuirfidh Ballstát a Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta athbhreithnithe isteach. I moltaí tírshonracha 2022, déantar tagairt *inter alia* do na dúshláin fuinnimh atá roimh na Ballstáit. Na pleananna téarnaimh agus athléimneachta sin nach dtugtar aghaidh shásúil iontu ar na critéir mheasúnaithe, lena n-áirítear na pleananna sin ina bhfuil caibidil REPowerEU, ní fhéadtar measúnú dearfach a dhéanamh orthu agus ní fhéadtar cistiú breise a chur ar fáil.

I bhfianaise phráinn na ndúshlán atá os comhair an Aontais agus i bhfianaise na hamlíne comhbhrúite chun na bearta a chur i gcrích faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (agus na garspriocanna deiridh/spriocanna deiridh le cur i gcríoch faoi mhí Lúnasa 2026), moltar do na Ballstáit cur leis na bearta a áirítear cheana féin sna Cinntí Cur Chun Feidhme a glacadh a mhéid is féidir, chun rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU ar bhealach tráthúil.

### 2. *Samplaí de bhearta is féidir a áireamh i gcaibidlí REPowerEU*

(a) *feabhas a chur ar bhonneagar fuinnimh agus ar shaoráidí fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair gáis, lena n-áirítear GNL, go háirithe le go mbeifear in ann an soláthar a éagsúlú ar mhaithe le leas an Aontais ina iomláine*

Tá feidhm ag an gcuspóir seo maidir le bonneagar fuinnimh agus saoráidí fuinnimh lena gcumasaítear éagsúlú sholáthar gáis na mBallstát chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair fuinnimh, gan spriocanna fadtéarmacha fuinnimh agus aeráide an Aontais a chur i mbaol go fóill. Áirítear leis sin críochfoirt GNL amhail aonaid stórála agus athghásaithe GNL, píblínte gáis, chomh maith le comhpháirteanna líonra gáis eile amhail stáisiúin mhéadraithe, stáisiúin chomhbhrúiteora nó stóráil gáis.

Ina theannta sin, na bearta a bhaineann le bonneagar agus saoráidí ola a bhfuil gá leo chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair fuinnimh, ní fhéadfaí iad a áireamh ach i gcaibidil REPowerEU na mBallstát atá ag brath go sonrach ar amhola na Rúise mar gheall ar a suíomh geografach agus a bhfuil maolú sealadach eisceachtúil acu ó na toirmisc a liostaítear in Airteagal 3m, míreanna 1 agus 2, de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

Na hinfheistíochtaí i mbonneagar gáis, chomh maith le bonneagar ola i gcás na mBallstát lena mbaineann, ba cheart iad a ailíniú, a mhéid is féidir, le torthaí an mheasúnaithe ar riachtanais bhreise bonneagair fuinnimh mar a leagtar amach i dTeachtaireacht REPowerEU ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 agus leis an bplé a rinneadh leis na Ballstáit sna Grúpaí Ardleibhéil réigiúnacha atá ag feidhmiú i gcomhthéacs an bheartais GTE-F, a léiríodh a thoradh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta an 18 Bealtaine 2022.

Na bearta sin lena gcuirtear feabhas ar bhonneagar fuinnimh agus ar shaoráidí fuinnimh atá riachtanach chun freastal ar riachtanais shlándáil an tsoláthair fuinnimh, beidh siad in ann tairbhe a bhaint as maolú ón bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" mar gheall ar an mbéim ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair fuinnimh, agus faoi réir measúnú dearfach ón gCoimisiún. Chuige sin, ceanglófar ar na Ballstáit faisnéis ábhartha a sholáthar chun údar cuí a thabhairt le hincháilitheacht don mhaolú sin (féach pointeB) thíos).

I gcás bearta lena rannchuidítear le slándáil an tsoláthair fuinnimh, iarrtar ar na Ballstáit aird a thabhairt freisin ar ghné chibearshlándála na dtionscadal, chun baol féideartha suaite fuinnimh a laghdú a mhéid is féidir.

(b) *borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus i mbonneagar criticiúil fuinnimh, an tionscal a dhícharbónú, táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe agus hidrigine in-athnuaite nó saor ó iontaise a mhéadú agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite*

1) Áirítear leis sin bearta amhail athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh, lena n-áirítear bearta chun an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú nó comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, nó córais téimh agus fuaraithe a dhícharbónú, nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh i gcórais éifeachtúla téimh agus fuaraithe ceantair, nó feabhsuithe costéifeachtacha ar fhuinneamh d'fhiontair, go háirithe feabhsuithe chun na moltaí a eascraíonn as iniúchtaí fuinnimh a chur chun feidhme. Le bearta den sórt, laghdófaí spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus thacófaí le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite. Bhainfí an cuspóir amach trí na nithe seo a leanas, mar shampla:

— tacaíocht a thabhairt d'athchóiriú agus do theicneolaíochtaí lena gcuirtear feabhas 30 % ar a laghad ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh ar an meán, mar shampla (ar a mbeadh rochtain fhabhrach ag na foirgnimh is measa feidhmíocht agus ag teaghlaigh ar ioncam íseal);

— córais téimh agus fuaraithe a dhícharbónú chun bheith éifeachtúil, amhail teaschaidéal (lena n-áirítear teaschaidéil hibrideacha), córais téimh agus fuaraithe ceantair atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, fótavoltachas (PV), stóráil fuinnimh le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ar an láthair, teirmeastait chliste, etc.

— ionstraimí airgeadais sonracha a chur in úsáid nó rannchuidiú le ráthaíocht InvestEU chun tacú le hinfheistíochtaí in athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh (amhail na foirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe is measa feidhmíocht a iarfheistiú, córais téimh a dhícharbónú agus foinsí in-athnuaite fuinnimh a shuiteáil ar an láthair);

— saoráidí cúnaimh theicniúil náisiúnta nó réigiúnacha a bhunú lena dtacaítear le forbairt phíblíne móire de thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus de thionscadail athchóirithe foirgneamh atá go léir fónta ó thaobh airgeadais de lena meallfar infheisteoirí príobháideacha;

— Cistí Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh a bhunú nó cistí dá leithéid sin atá ann cheana a neartú le hionstraimí airgeadais tiomnaithe le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus athchóiriú foirgneamh;

— reachtaíocht a bhaineann le tógáil agus le foirgnimh, an reachtaíocht sin a thabhairt cothrom le dáta lena gceanglófar go mbeidh tógáil nua agus athchóiriú níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de;

— bearta reachtacha lena gceanglaítear méadair chliste fuinnimh a shuiteáil go sainordaitheach i bhfoirgnimh;

2) An cuspóir chun an tionscal a dhícharbónú, cumhdaítear ar bhealach níos sonraí é sa bhosca thíos.

3) An cuspóir chun tacú le bithmheatán agus hidrigin inbhuanaithe a chur in úsáid, baineann sé le hinfheistíochtaí chun acmhainneacht táirgthe agus úsáid bithmheatáin inbhuanaithe a mhéadú, (lena n-áirítear naisc chun gur féidir é a chumasc sa bhonneagar gáis) agus chun acmhainneacht táirgthe hidrigine in-athnuaite a mhéadú ([8]) (lena n-áirítear méadú ar an acmhainneacht chomhfhreagrach ghiniúna fuinnimh in-athnuaite is gá chun hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh). Baineann na cuspóirí freisin le hinfheistíocht in acmhainneacht táirgthe hidrigine atá saor ó iontaise ([9]) agus i mbonneagar tiomnaithe hidrigine, lena n-áirítear píblínte, stóráil, agus críochfoirt chalafoirt.

D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh i gceist leis na hathchóirithe comhfhreagracha dreasachtaí le haghaidh infheistíochtaí i dtáirgeadh bithmheatáin agus bithgháis nó ina n-úsáid (cuótaí, conradh le haghaidh difríochtaí) nó athchóirithe lena gceaptar creat reachtach agus córais rialála iomchuí le haghaidh táirgeadh, úsáid, iompar, agus stóráil hidrigine in-athnuaite nó saor ó iontaise, agus béim á leagan ar earnálacha atá deacair a dhícharbónú, i gcomhréir le straitéis hidrigine an Aontais Eorpaigh.

([8]) Ciallaíonn hidrigin in-athnuaite hidrigin a tháirgtear ó fhuinneamh in-athnuaite i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a leagtar amach le haghaidh breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch i dTreoir (AE) 2018/2001 agus sna gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara.

([9]) Le haghaidh hidrigin atá saor ó iontaise, féach ar Chreat Sealadach Géarchéime le haghaidh bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine (2022/C 426/01) mar phointe thagartha. Faoin gcuspóir maidir le táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite agus hidrigine atá saor ó iontaise, ní fhéadtar tacú le hidrigin a tháirgtear trí phirealú gáis nó trí athchóiriú meatáin gaile le gabháil agus stóráil carbóin.

4) Sa chuspóir chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, áirítear bearta chun acmhainneacht ghiniúna fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, athneartú nó uasghrádú na heangaí is gá chun foinsí in-athnuaite fuinnimh agus a gcuid stórála a chomhtháthú, chomh maith le hathchóirithe lena gcuirtear dlús le nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear iad a nascadh leis an eangach.

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na hathchóirithe ceadú tionscadal foinsí in-athnuaite a shimpliú agus dlús a chur leo, lena n-áirítear, mar shampla, nósanna imeachta a dhigitiú nó ionad ilfhreastail chun ceadú comhshaoil a thabhairt isteach, nó feabhas a chur ar phleanáil (spáis), lena n-áirítear limistéir a ainmniú atá an-oiriúnach d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite. I dteannta na n-athchóirithe, ba cheart an t-uas-sciliú is gá agus an t-athneartú is gá a dhéanamh ar an bhfoireann riaracháin chun déileáil leis an dlús agus le líon méadaithe na n-iarrataí ar cheadanna, agus bearta eile lena gcuirtear feabhas ar acmhainneachtaí riaracháin, amhail uirlisí níos fearr agus sreafaí oibre cuíchóirithe.

Maidir leis an earnáil téimh go sonrach, féadtar an cuspóir a bhaint amach trí na nithe seo a leanas:

— ionstraimí airgeadais sonracha nó tacaíocht eile, dreasachtaí atá bunaithe ar fhóirdheontais nó ar cháin le haghaidh infheistíochtaí i dtéamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus i dtéamh ceantair, lena n-áirítear dreasachtaí le haghaidh custaiméirí chun teaschaidéil agus grianaonaid theirmeacha a shuiteáil, nó nascadh le téamh agus fuarú ceantair atá nua-aimseartha éifeachtúil in-athnuaite agus atá bunaithe ar dhramhtheas;

— scéimeanna atá beartaithe chun teicneolaíochtaí in-athnuaite a chur in ionad córas téimh iontaise (teas in-athnuaite, téamh ceantair atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite, úsáid líonraí dramhtheasa agus fuaraithe tionsclaíocha);

— córais téimh ceantair a nuachóiriú chun teaschaidéil nó foinsí in-athnuaite a chur in ionad breoslaí iontaise, teochtaí oibriúcháin a bharrfheabhsú, caillteanais teasa sa líonra ceantair a laghdú, fostáisiúin a uasghrádú, rialaitheoir cliste a chur i bhfeidhm, roghanna stórála teasa a mhéadú.

(ba) *aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh*

I gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, féadtar bearta a áireamh i gcaibidlí REPowerEU chun aghaidh a thabhairt go struchtúrach ar bhunchúiseanna **bochtaineachta fuinnimh** trí infheistíochtaí agus athchóirithe fadtéarmacha, *inter alia* maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, bearta athchóirithe foirgneamh agus cosaint tomhaltóirí agus bearta cumhachtaithe. Le hathchóirithe agus infheistíochtaí den sórt sin, ba cheart leibhéal leordhóthanach tacaíochta airgeadais a chur ar fáil do theaghlaigh ar ioncam íseal (suas le 100 % de na costais) agus do chuideachtaí leochaileacha chun laghdú struchtúrach a chur ar an éileamh ar fhuinneamh, lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus cuideachtaí i dtionscail dianfhuinnimh, a bhfuil deacrachtaí móra rompu mar gheall ar bhillí arda fuinnimh.

Áirítear na nithe seo a leanas ar bhearta a d'fhéadfadh na cuspóirí sin a bhaint amach ([10]):

— Tacaíocht airgeadais do scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear trí ionstraimí airgeadais tiomnaithe;

— Scéimeanna chun an t-éileamh ar leictreachas a laghdú le haghaidh teaghlaigh agus cuideachtaí, lena n-áirítear FMBanna, a bhfuil deacrachtaí rompu mar gheall ar bhillí arda leictreachais;

— breisithe airgeadais do scéimeanna eile sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta chun déine an chúnaimh do theaghlaigh leochaileacha a mhéadú, e.g. le haghaidh athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh;

— scéimeanna lena bhfóirdheonaítear athchóiriú fuinnimh nó suiteáil réiteach téimh;

— tacú le pobail fuinnimh agus iad a chur chun cinn;

— cláir oideachais fuinnimh don phobal chun feasacht a ardú maidir le caomhnú fuinnimh, ag díriú go háirithe ar phátrúin agus tomhaltóirí ardfhuinnimh;

— ionaid ilfhreastail a chur in úsáid lena gcuirtear fíorchomhairle agus fíorchúnamh ar fáil (gan a bheith teoranta d'fhaisnéis) maidir le deiseanna athchóirithe foirgneamh, deimhnithe feidhmíochta fuinnimh agus moltaí ó iniúchtaí fuinnimh;

— athchóirithe lena gcuirtear san áireamh leibhéal na feidhmíochta éifeachtúlachta fuinnimh i gcomhthéacs socruithe cíosa d'aonaid tithíochta agus i gcomhthéacs cuibhis tráchtála.

([10]) Le haghaidh tuilleadh samplaí de bhearta, féach ar Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag ardú: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta agus tacaíochta COM(2021)660 final

(bb) *laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh a dhreasú*

Tá feidhm ag an gcuspóir chun an t-éileamh ar fhuinnimh a laghdú maidir le bearta lena ndírítear ar phróisis táirgthe/ar sholáthar seirbhísí ag *cuideachtaí* agus tá sé nasctha leis na saincheisteanna a leagtar amach sa roinn thiomnaithe thíos (Bonn Tionsclaíoch na hEorpa a Neartú). Sampla ina ndéantar costais ábhartha fuinnimh a chomhcheangal le bearta struchtúracha, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúiteamh airgeadais sealadach do chaillteanais táirgthe a eascraíonn as laghdú gearrthéarmach ar an éileamh ar leictreachas lena ngabhann an ceanglas maidir le hinfheistíocht/infheistíochtaí ag a bhfuil éifeachtaí fadtéarmacha lena gcomhlíontar cuspóirí REPowerEU (e.g., déine astaíochtaí gás ceaptha teasa tháirgeadh an ghnólachta a laghdú ([11]) faoi lár-2026, mar shampla trí aistriú go fuinneamh in-athnuaite, nó trí bhearta coigilte fuinnimh).

D'fhéadfaí na hinfheistíochtaí sa laghdú ar an éileamh ar fhuinnimh a chomhlánú freisin le hathchóirithe lena gcuirtear dreasachtaí rialála ar fáil le haghaidh feabhsuithe fadtéarmacha éifeachtúlachta fuinnimh, go háirithe na nithe seo a leanas:

— ionaid ilfhreastail a chur in úsáid lena gcuirtear comhairle agus cúnamh ar fáil (gan a bheith teoranta d'fhaisnéis) maidir le deiseanna athchóirithe foirgneamh, deimhnithe feidhmíochta fuinnimh agus moltaí maidir le hiniúchtaí fuinnimh;

— scéimeanna lena ndreasaítear athchóiriú fuinnimh foirgneamh, nó réitigh théimh a shuiteáil mar a thugtar tuairisc orthu i b) pointe 1.

(c) *Aghaidh a thabhairt ar scrogaill inmheánacha agus trasteorann de thraiseoladh agus dáileadh fuinnimh, tacú le stóráil leictreachais, agus dlús a chur le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus a bhonneagar, lena n-áirítear iarnróid.*

Áirítear na nithe seo a leanas ar shamplaí de bhearta a bhaineann le traiseoladh, dáileadh agus stóráil fuinnimh:

— saoráidí stórála leictreachais go háirithe chun tacú le cur in úsáid foinsí in-athnuaite agus/nó chun plódú a íoslaghdú;

— líonraí náisiúnta dáilte agus traiseolta leictreachais a fhorbairt, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill agus chun tuilleadh comhtháthaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn;

— idirnascairí leictreachais a thógáil;

— taraifí a athchóiriú agus tionscadail nascachta eangaí a éascú;

— athchóirithe chun solúbthacht an chórais cumhachta a fheabhsú

— sceidil thrédhearcacha le haghaidh nuashonruithe ar eangacha dáilte agus tarchuir agus ar cheantanna fuinnimh in-athnuaite a chur ar bun.

Ar shamplaí de bhearta atá nasctha le hiompar astaíochtaí nialasacha, d'áiritheofaí infheistíochtaí nó athchóirithe chun na nithe seo a leanas a chur in úsáid:

— feithiclí astaíochtaí nialasacha sceithphíopa amhail feithiclí atá 100 % leictreach nó feithiclí bhreosla-chille atá bunaithe ar hidrigin agus soithigh/aerárthaí astaíochtaí nialasacha;

— athnuachan agus iarfheistiú sócmhainní iompair astaíochtaí nialasacha chuig sócmhainní iompair astaíochtaí nialasacha agus bonneagar le haghaidh feithiclí agus soithigh/aerárthaí astaíochtaí nialasacha sceithphíopa;

— rothstoc astaíochtaí nialasacha le haghaidh iarnróid chomh maith le bonneagar iarnróid agus fochórais gaolmhara le haghaidh rothstoc astaíochtaí nialasacha; pointí luchtaithe leictreacha, uasghrádú ar cheangail leis an eangach leictreachais, stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine nó córais bóithre leictreacha;

— an creat rialála a athchóiriú chun iarfheistiú carranna dócháin inmheánaigh beaga ina bhfeithiclí leictreacha a chur chun cinn trí dlús a chur leis an nós imeachta um chineálcheadú iarfheistithe; dreasachtaí a chur ar fáil don earnáil tionsclaíochta iarfheistithe agus do thomhaltóirí (dreasachtaí cánacha, iasachtaí creidmheasa fabhracha nó fóirdheontais le haghaidh infheistíochtaí tosaigh); agus feachtas feasachta a fhorbairt.

— Infheistíochtaí i dtáirgeadh breoslaí eitlíochta ó hidrigin in-athnuaite agus athchóirithe chun an táirgeadh a dhreasú

(d) *tacú leis na cuspóirí i bpointí (a), (b), (ba), (bb) agus (c) trí bhorradh a chur faoi athcháiliú an luchta saothair chun scileanna glasa agus na scileanna digiteacha gaolmhara a bhaint amach, chomh maith le tacú leis na slabhraí luacha in amhábhair chriticiúla agus teicneolaíochtaí criticiúla atá nasctha leis an aistriú glas.*

([11]) I gcás tacaíocht do shuiteálacha a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais, beidh feidhm ag na critéir a leagtar síos sa Treoraíocht Theicniúil "Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh" agus in Iarscríbhinní a ghabhann le Cinntí Cur Chun Feidhme.

A mhéid a bhaineann le scileanna glasa agus na scileanna digiteacha gaolmhara, leis an gcuspóir seo rannchuidítear leis na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun na cuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach a thabhairt don lucht saothair, agus go háirithe i gcás príomhearnálacha tionsclaíocha le haghaidh an t-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta. Mar shampla, féadtar na nithe seo a leanas a áireamh sna bearta:

— uas-sciliú agus athsciliú an luchta saothair trí oiliúint, uirlisí fadbhreathnaitheachta, lena n-áirítear trí aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht;

— printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus scéimeanna scáthaithe post, lena n-áirítear i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí ábhartha;

— curaclaim oideachais agus oiliúna a oiriúnú agus treoraíocht oideachais agus ghairme a chur ar fáil dá réir sin;

— dreasachtaí chun an lucht saothair atá ann cheanna a uas-sciliú agus oiliúint a chur ar ghairmithe oilte san earnáil fuinnimh in-athnuaite agus sna hearnálacha tógála.

A mhéid a bhaineann le tacú le slabhraí luacha in amhábhair chriticiúla agus i dteicneolaíochtaí criticiúla atá nasctha leis an aistriú glas, go háirithe teicneolaíochtaí an Tionscail Ghlan-Nialasaigh, féadtar aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir sin trí bhearta lena neartaítear bunacmhainneacht theicneolaíoch agus mhonaraíochta an Aontais le haghaidh ábhair agus comhpháirteanna teicneolaíochta glaine chun athléimneacht agus ceannasacht slabhraí luacha straitéiseacha an Aontais a mhéadú, lena n-áirítear tríd an ngeilleagar ciorclach a neartú (féach an bosca tiomnaithe thíos).

**Bonn tionsclaíoch na hEorpa a neartú i gcomhthéacs praghsanna arda fuinnimh**

Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollag 2022, chuir sí béim ar a thábhachtaí atá sé bonn eacnamaíoch, tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa a chosaint i gcomhthéacs praghsanna arda fuinnimh agus iomaíocht dhomhanda atá ag éirí níos déine. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus athléimneacht agus iomaíochas eacnamaíoch na hEorpa a fheabhsú, d'iarr an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí freagairt chomhordaithe lena mbainfí leas as gach uirlis ábhartha náisiúnta agus de chuid an Aontais.

I Rialachán REPowerEU, aithnítear an ról atá ag an tionscal maidir le haistriú an Aontais a stiúradh ón spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus é a threorú i dtreo soláthar fuinnimh in-athnuaite atá níos éagsúlaithe. Ar an gcéad dul síos, baineann an sciar is airde d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais leis an tionscal déantúsaíochta (22 %), agus dá bhrí sin, is fachtóir ríthábhachtach é dícharbónú tapa na bpróiseas tionsclaíoch chun cuspóirí aeráide agus cuspóirí REPowerEU araon a bhaint amach. Ar an dara dul síos, tá sé tábhachtach bonn monaraíochta, tionsclaíoch agus teicneolaíoch láidir nuálach a bheith ag an Aontas i bpríomhshlabhraí luacha na teicneolaíochta glaine chun a áirithiú, agus an tAontas ag bogadh ó bhreoslaí iontaise i dtreo foinsí in-athnuaite, nach mbeidh sé róspleách ar thríú tíortha maidir le trealamh, comhpháirteanna agus ábhair atá fíor-riachtanach le haghaidh geilleagar aeráidneodrach.

Sa chomhthéacs sin, agus cothromaíocht fhoriomlán á baint amach ag na Ballstáit idir a dtosaíochtaí REPowerEU, moltar dóibh bearta agus infheistíochtaí a mholadh ina gcaibidlí REPowerEU lena dtacófaí le haistriú thionscal an Aontais i dtreo teicneolaíochtaí saor ó charbón nó teicneolaíochtaí ísealcharbóin ar an mbealach i dtreo aeráidneodrachta, lena gcaomhnófaí iomaíochas phríomhthionscail teicneolaíochta glaine an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena dtacófaí le leathnú a n-acmhainneachta táirgiúla agus nuálaíochta, thar phríomhchodanna dá slabhraí soláthair freisin agus, ar bhealach níos ginearálta, lena gcaomhnófaí tarraingteacht dhomhanda an Aontais mar shuíomh infheistíochta i dtionscail straitéiseacha teicneolaíochta glaine. Ba cheart tacaíocht infheistíochta den sórt sin (e.g., buntáistí cánach nó cineálacha eile tacaíochta) a chomhcheangal le hathchóirithe breise lena gcuirfí le tionchar na tacaíochta airgeadais.

Is fiú a mheabhrú freisin gur féidir leis na Ballstáit na hinfheistíochtaí a chistiú i sócmhainní fadtéarmacha agus, i ndálaí áirithe, gur féidir leo roinnt den chaiteachas oibríochtúil sealadach a bhaineann leis na tionscadail sin a chistiú (i bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana agus i gcaibidlí REPowerEU araon). Le bheith incháilithe do thacaíocht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, ba cheart na costais oibriúcháin sin a bheith ina gcuid lárnach den athchóiriú/infheistíocht lena rannchuidítear le critéir measúnaithe na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a bhaint amach agus a bheith teoranta agus i gcomhréir leis na torthaí fadtéarmacha atá beartaithe don infheistíocht a bhaint amach (e.g., féach samplaí praiticiúla thíos a d'fhéadfadh a bheith iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithníonn na Ballstáit). Feictear thíos roinnt samplaí léiritheacha de na cineálacha birt ar cheart do na Ballstáit a chur san áireamh i gcaibidlí REPowerEU, agus iad bainteach le cuspóirí REPowerEU.

**Airteagal 21c 3(b) - an tionscal a dhícharbónú, agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite**

— *Infheistíochtaí i ndícharbónú déanta cruach, mar shampla próisis táirgthe astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle atá bunaithe ar leictriú nó hidrigin a chur in ionad próisis táirgthe atá bunaithe ar fhoirnéis soinneáin. D'fhéadfadh táirgeadh hidrigine in-athnuaite a bheith sa tionscadal freisin agus d'fhéadfaí costais oibriúcháin a bhaineann leis an infheistíocht sin a chumhdach leis an tionscadal. D'fhéadfadh buntáistí cánach le haghaidh T & N le haghaidh teicneolaíochtaí ceannródaíocha nua atá saor ó astaíochtaí a bheith i gceist le hathchóiriú a ghabhann leis.*

— *Tacaíocht do mhonarú comhpháirteanna le haghaidh tuirbíní gaoithe (lanna, mataí, tuirbíní, cáblaí). D'fhéadfaí é sin a chomhcheangal le hathchóiriú lena leagtar síos sprioc cheangailteach náisiúnta le haghaidh an tsoláthair fuinnimh gaoithe agus le haghaidh pleanáil níos intuartha i leith forbairt ghaoithe agus ceantanna.*

— *Tacaíocht do mhonarú comhpháirteanna le haghaidh córais fótavoltacha gréine (silicean polaichriostalach, tinne agus sliseog, cill, modúl, aireagóir) lena n-áirítear caiteachas caipitiúil. D'fhéadfaí é sin a chomhcheangal le hathchóiriú lena leagtar síos cur in úsáid sainordaitheach de ghrianphainéil ar dhíonta foirgneamh mór os cionn dromchla áirithe (e.g., oifigí, ollmhargaí, trádstórais, áiteanna páirceála) nó cur in úsáid sainordaitheach de ghrianphainéil ingearacha ar a bhfuil aghaidh dhúbailte ar mhórbhealaí.*

**Airteagal 21c (3) (d) - laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh a dhreasú**

— *Cláir lena bhfóirdheonaítear ceannach agus suiteáil teaschaidéal, lena n-áirítear teaschaidéil thionsclaíocha. Leis an gcistiú, d'fhéadfaí gnéithe a chumhdach freisin atá nasctha le cur chun cinn fóirdheontas agus feachtais feasachta le haghaidh FBManna maidir le hiniúchtaí fuinnimh. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist le hathchóiriú lena gcomhlánaítear an infheistíocht dáta a leagan síos chun deireadh a chur le téamh breosla iontaise i saoráidí tionsclaíocha de réir a chéile nó pleananna ceangailteacha dícharbónaithe ar leibhéal gach earnála tionsclaíochta nó ar leibhéal an ghléasra.*

— *Infheistíochtaí lena dtacaítear le forbairt agus glacadh na dteicneolaíochtaí is fearr feidhmíochta maidir le húsáid dramhtheasa i dtionscail dianfhuinnimh. D'fhéadfaí an tacaíocht a leathnú freisin chuig tacaíocht choimhdeach atá nasctha leis an tsuiteáil (dearadh an tionscadail, ceadúnais phaitinne, oiliúint na foirne). D'fhéadfadh an tacaíocht a bheith i bhfoirm buntáistí cánach. D'fhéadfadh na Ballstáit an méid sin a chomhcheangal le dreasachtaí rialála, amhail oibleagáidí maidir le cineálacha áirithe saoráidí a fheistiú le giniúint chumhachta dramhtheasa ísealteochta.*

**Airteagal 21c 3 (e) - tacú le stóráil leictreachais, agus dlús a chur le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh**

— *Mol fuinnimh lena gcomhcheanglaítear táirgeadh grianfhuinnimh le stóráil fuinnimh de thoilleadh mór ar an láthair mar chuid de ghléasra tionsclaíoch. D'fhéadfaí costais áirithe a bhaineann leis an infheistíocht a chumhdach leis an tacaíocht freisin, amhail soláthar na bpáirteanna spártha, costais saothair atá nasctha le tógáil na saoráidí agus costais riaracháin. D'fhéadfadh simpliú ar nósanna imeachta ceadaithe chun na saoráidí a thógáil agus iad a nascadh leis an eangach a bheith i gceist leis na hathchóirithe a ghabhann leis.*

— *Córas stórála fuinnimh lena dtugtar dara saolré do cheallraí (ó fheithiclí leictreacha mar shampla). D'fhéadfaí costais a bhaineann le soláthar ceallraí athúsáidte nó athchúrsáilte a chumhdach leis an infheistíocht. D'fhéadfaí an infheistíocht sin a chomhlánú le hathchóiriú lena n-athneartaítear na hoibleagáidí athchúrsála ar mhonaróirí gluaisteán leictreach.*

**Airteagal 21c 3 (f) - tacú leis na slabhraí luacha in amhábhair chriticiúla agus teicneolaíochtaí criticiúla atá nasctha leis an aistriú glas**

— *Saoráid chun litiam atá saor ó iontaise a tháirgeadh ó sháile geoiteirmeach (lena n-úsáidtear an próiseas eastósctha dírigh litiam), lena n-áirítear costais na céime bunaithe (e.g., ceadúnais le haghaidh paitinní ábhartha). D'fhéadfaí é sin a chomhcheangal le hathchóiriú lena ndreasaítear glacadh litiam atá saor ó iontaise, lena n-áirítear sna hearnálacha mótarfheithiclí agus fuinnimh in-athnuaite.*

— *Saoráidí táirgthe catóide agus anóide le haghaidh ceallraí, lena n-áirítear saoráidí athúsáide agus athchúrsála le haghaidh ceallraí agus táirgeadh trealaimh monaraíochta le haghaidh gigeamhonarchana. D'fhéadfaí é sin a chomhcheangal le simpliú na nósanna imeachta ceadaithe chun monarchana a thógáil agus spriocanna uaillmhianacha le haghaidh úsáid ceallraí athchúrsáilte agus caighdeáin éifeachtúlachta acmhainne.*

— Feabhsuithe teicneolaíochta ar scaglanna copair lena n-éascaítear athchúrsáil fuíll leictreonaigh (nó ríomhábhar) chun copar, stán, nicil agus miotail lómhara atá nasctha leis an aistriú glas a aisghabháil. D'fhéadfaí costais idirthréimhseacha lena gcumhdófaí oiliúint chun baill foirne atá ann cheana a athcháiliú a áireamh leis sin, agus costais atá nasctha le bailiú agus iompar dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh. Mar chuid d'athchóiriú comhlántach a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfaí spriocanna níos airde a bhunú maidir le bailiú ar leithligh agus athúsáid/athchúrsáil i leith dramhthrealamh leictreach agus leictreonach.

**Cén tsamhail tacaíochta is féidir leis na Ballstáit a mheas?**

Le dearadh ionstraime tacaíochta airgeadais ábhartha, ba cheart a áirithiú go bhféadfadh na tionscail atá i ngátar an cistiú a ionsú go tapa. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí méadú ar scéimeanna agus tionscadal tacaíochta atá ann cheana a mheas sula gcruthófaí meáin airgeadais nua. I gcomhghuaillíochtaí tionsclaíocha an Aontais atá ann cheana (go háirithe maidir le ceallraí, fótavoltachas gréine, amhábhair chriticiúla, agus hidrigin), áirítear go minic píblínte dréacht-tionscadal a d'fhéadfaí a mheas le haghaidh maoiniú faoi scéimeanna tacaíochta den sórt sin, i gcás inar gá agus inar comhréireach. Ar an mbealach céanna, d'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt do thionscadail ar a ndearnadh meastóireacht dhearfach faoin gCiste don Nuálaíocht ach a bhí faoi bhun na tairsí cistithe.

Thairis sin, cuirtear coinníollacha maoinithe iomaíocha ar fáil leis na hiasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá roinnt réiteach éagsúil ann a d'fhéadfaí a úsáid chun costais bhuntáisteacha an chaipitil sin a chur ar aghaidh chuig na gnólachtaí, mar shampla:

— na hiasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sheoladh trí institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, bainc forbartha iltaobhacha agus bainc thráchtála chun glacadh tapa a áirithiú; gan a bheith ag brath ar acmhainní an riaracháin phoiblí;

— ráthaíochtaí iasachta chun an baol d'iasachtóirí a laghdú agus chun é a dhéanamh níos tarraingtí dóibh maoiniú a chur ar fáil do thionscadail teicneolaíochta glaine;

— cistiú a fhorbairt lena gcuirfear réitigh um maoiniú idirlinne ar fáil chun deis a thabhairt do chuideachtaí an bhearna a laghdú idir an t-am ina dtabhaíonn siad costais agus an t-am a fhaigheann siad ioncam ó na hinfheistíochtaí níos fadtéarmaí.

3. ***An prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh"***

**Cur i bhfeidhm an phrionsabail "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoi REPowerEU**

Tá feidhm fós ag an bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a dtacaítear leo tríd an tSaoráid, i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tá maolú spriocdhírithe amháin ann chun slándáil fuinnimh láithreach an Aontais a chosaint.

Bearta lean dtacaítear le cuspóirí REPowerEU a cuireadh san áireamh cheana féin sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh, rinneadh measúnú orthu cheana féin de réir an phrionsabail "gan dochar suntasach a dhéanamh". Dá bhrí sin, ní bheidh gá le measúnú nua a dhéanamh ar chodanna méadaithe de bhearta den sórt sin. D'fhéadfaí nach mbeadh gá le measúnú athbhreithnithe ach amháin má tá baol ann go ndéanfaí difear don mheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh" le cineál na n-athruithe ar na bearta. I gcás bearta nua, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chur isteach maidir leis an gcaoi a chomhlíontar an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" leis na bearta.

Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit an féinmheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh" le haghaidh bearta REPowerEU a chur isteach nó a leasú i gcomhréir le roinn II 1 D) den treoraíocht seo.

Is fearr nach n-áireofaí i gcaibidil REPowerEU ach na bearta sin lena gcomhlíontar an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" de réir a gcineáil, rud is féidir a léiriú san fhéinmheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh". I gcás na mbeart sin, ní bheidh gá le haon chosaint shonrach "gan dochar suntasach a dhéanamh" a áireamh sa tuairisc ar na bearta agus/nó i ngarspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha.

Is é sin le rá, le cineál na mbeart, cinnfear an mbeadh nó nach mbeadh gá le cosaintí sonracha "gan dochar suntasach a dhéanamh", de réir na faisnéise a chuirfidh na Ballstáit ar fáil.

**Maolú ón bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoi REPowerEU**

De réir measúnú dearfach ón gCoimisiún, ní bheidh feidhm ag an bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" maidir le bearta a mheastar a rannchuideoidh le feabhas a chur ar bhonneagar agus saoráidí fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair fuinnimh.

Agus measúnú á dhéanamh ar incháilitheacht na mbeart do mhaolú ón bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh", déanfaidh an Coimisiún ceithre cheanglas a mheas. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis ábhartha a lorg ó na Ballstáit chun tacú lena measúnú.

— **An bhfuil an beart riachtanach agus comhréireach chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair i gcomhréir le hAirteagal 21c(3)(a), agus roghanna malartacha indéanta atá níos glaine agus baol éifeachtaí glasála á gcur san áireamh.**

Chun measúnú a dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht an bhirt, cuirfidh an Coimisiún san áireamh réamh-mheastacháin mheasta ar an éileamh ar ghás nó ola sa Bhallstát lena mbaineann, acmhainneachtaí agus malartuithe idirnaisc lena chomharsana, agus spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 á gcur san áireamh chomh maith le tionchar shuaitheadh na n-allmhairí ón Rúis. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas a mheas: acmhainneacht bhreise agus méid breise an fhuinnimh a thugtar isteach leis an mbeart; an aibíocht; an amlíne; agus tionscadail chomhlántacha a bheith ann, lena n-áirítear sna Ballstáit chomharsanachta.

Iarrtar ar na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha ar fad a chur isteach chun go mbeidh an Coimisiún in ann a mheasúnú a dhéanamh. Ar bhonn na faisnéise a chuirfidh an Ballstát ar fáil, déanfaidh an Coimisiún a mheas freisin an bhféadfaidh roghanna malartacha níos glaine, ag a bhfuil an acmhainneacht chéanna, tráthchlár comhchosúil agus costais inchomparáide, a bheith indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de. Mar shampla, féadfaidh an Coimisiún faisnéis a lorg maidir le réitigh mhalartacha a mheas an Ballstát, amhail tionscadail ghiniúna fuinnimh in-athnuaite ar mhórscála a thógáil a bhfuil acmhainneacht fuinnimh choibhéiseach acu. Thairis sin, ba cheart bonneagar gáis breise a bheith slán i bhfad na haimsire, i gcás inar féidir, d'fhonn a inbhuanaitheacht fhadtéarmach a éascú trí athrú cuspóra le haghaidh breoslaí inbhuanaithe amach anseo. Mar shampla, ba cheart do na Ballstáit a mhíniú an gcuirfí ar chumas an bhonneagair oibriú le hidrigin atá 100 % íon nó lena díorthaigh, agus mura bhfuil sé indéanta, na cúiseanna ábhartha a leagan amach.

— **Rinne an Ballstát lena mbaineann iarrachtaí sásúla chun teorainn a chur leis an dochar féideartha do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcás inarb indéanta, agus chun an dochar a mhaolú trí bhearta eile, lena n-áirítear na bearta i gcaibidil REPowerEU.**

Sa mheasúnú ón gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh na hiarrachtaí foriomlána a dhéanann an Ballstát chun teorainn a chur le dochar an bhirt do na sé chuspóir comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, lena n-áirítear trí bhearta a chuirtear isteach i gcaibidil REPowerEU.

Ba cheart tabhairt faoi bhearta i gcaibidil REPowerEU i gcomhréir le creat dlíthiúil ábhartha comhshaoil AE agus náisiúnta is infheidhme. Leis sin, cuideofar le dochar a mhaolú go háirithe trí thruailliú a rialú agus a chosc agus trí bhithéagsúlacht agus dobharlaigh a chosaint, go háirithe trí mheasúnuithe comhshaoil. Ba cheart gnéithe chun teorainn a chur leis an dochar féideartha do chuspóirí comhshaoil a bheith sna hiarrachtaí a dhéanann na Ballstáit, i gcás inarb indéanta, áfach. Mar shampla, maidir leis an gcuspóir i leith maolú ar an athrú aeráide, moltar do na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil maidir le hacmhainneacht bheartaithe agus úsáid réamh-mheasta an tionscadail, chun a léiriú nach bhfuil scála níos mó aige ná mar is gá chun freastal ar riachtanais an Aontais maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh sa ghearrthéarma. Maidir le hoiriúnú, d'fhéadfaí measúnú rioscaí aeráide iomchuí a dhéanamh chun teorann a chur le baol guaiseacha aeráide ar oibriú an tionscadail. Ba cheart do na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh chun dochar mór do na cuspóirí comhshaoil eile a sheachaint.

— **Ní chuirtear baint amach spriocanna aeráide 2030 an Aontais agus baint amach chuspóir aeráidneodracht an Aontais faoi 2050 i mbaol leis an mbeart, ar bhonn breithnithe cáilíochtúla.**

Sa mheasúnú ón gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh acmhainneacht an tionscadail agus an bhfuil sé deartha ar bhealach chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair fuinnimh is gá, i bhfianaise an chuspóra fhoriomláin spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a laghdú agus foinsí soláthair fuinnimh a éagsúlú. Cuirfear san áireamh freisin an bhfuil an beart ailínithe leis an mbeartas fuinnimh agus aeráide níos leithne atá leagtha amach ag an mBallstát ina Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide. Ina theannta sin, cuirfear an tacar beart níos leithne i gcaibidil REPowerEU agus an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta san áireamh i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le spriocanna aeráide 2030 an Aontais agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050 a bhaint amach.

— **Tá sé beartaithe go mbeidh an beart i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2026.**

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar amlíne aon tionscadail a chuirtear isteach chun a áirithiú go mbeidh an beart beartaithe le bheith bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2026. Chuige sin, moltar do na Ballstáit faisnéis a bhaineann le stádas cur chun feidhme an tionscadail agus plean oibre a chur ar fáil, lena léirítear gur féidir teacht i bhfeidhm a bhaint amach faoi 2026.

Mar a cheanglaítear le hAirteagal 21c(8), ní rannchuideofar le hathchóirithe agus infheistíochtaí faoi réir an mhaolaithe “gan dochar suntasach a dhéanamh” leis an ioncam a chuirfear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 10e(1) de Threoir 2003/87/CE. Chun na críche sin, costais mheasta na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí nach bhfuil faoi réir an mhaolaithe “gan dochar suntasach a dhéanamh”, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh siad ag comhfhreagairt ar a laghad do leithdháileadh an Bhallstáit de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha bhreise do REPowerEU ar bhonn Airteagal 21a den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (ioncam CTA).

Ina theannta sin, ní fhéadtar go mbeidh costais mheasta iomlána na mbeart faoi réir an mhaoluithe “gan dochar a dhéanamh” níos airde ná 30 % de chostais mheasta iomlána na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Féadtar an tairseach sin a ríomh trí shuim chostais mheasta na mbeart sin a roinnt ar shuim chostais mheasta na mbeart uile atá i gcaibidil REPowerEU.

**Samplaí léiritheacha den chineál faisnéise a d’fhéadfadh na Ballstáit a chur ar fáil:**

| Cad air a ndéanfaidh an Coimisiún measúnú? | Cad is féidir leis na Ballstáit a chur ar fáil chun tacú leis an measúnú? |
|---|---|
| An bhfuil an beart riachtanach agus comhréireach chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair | — Tuairisc ar thionchar shuaitheadh na n-allmhairí gáis/ola ón Rúis agus ar acmhainneacht mheasta agus úsáid mheasta an bhirt chun allmhairí eile a chur in ionad na n-allmhairí sin;<br>— Réamh-mheastacháin ar an éileamh ar ghás/ola, mar shampla ar bhonn na hoibre chun na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a thabhairt cothrom le dáta;<br>— Réitigh mhalartacha níos glaine a chur san áireamh, ar réitigh iad atá inchomparáide ó thaobh amlíne, costas agus acmhainneachta de (e.g., tionscadail fuinnimh in-athnuaite indéanta ar mhórscála, comhoiriúnacht na bpíblíne nó na saoráidí chun bheith ag oibriú le hidrigin atá 100 % íon chun éifeachtaí glasála a sheachaint, gnéithe deartha lenar féidir athrú cuspóra a dhéanamh);<br>— Míniú ar an rannchuidiú le slándáil fuinnimh an Aontais ina iomláine nó le slándáil fuinnimh roinnt Ballstát. Míniú ar an bhfáth nach mó scála an bhirt ná mar is gá chun cuspóirí an bhirt a bhaint amach. |
| Na hiarrachtaí foriomlána a rinne an Ballstát chun teorainn a chur leis an dochar a d’fhéadfaí a dhéanamh do chuspóirí comhshaoil | — Fianaise ábhartha d’iarrachtaí lena gcuirtear teorann le dochar féideartha an bhirt don chomhshaol (e.g., conclúidí ó mheasúnú rioscaí aeráide iomchuí, torthaí ó mheasúnuithe comhshaoil).<br>— Míniú ar an gcaoi a gcuirtear cosc ar dochar don chuspóirí comhshaoil le bearta eile, lena n-áirítear na bearta sin i gcaibidil REPowerEU agus sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. |
| An gcuirtear nó nach gcuirtear baint amach spriocanna aeráide 2030 an Aontais agus cuspóir aeráidneodracht an Aontais faoi 2050 i mbaol leis an mbeart, ar bhonn breithnithe cáilíochtúla | — Rannchuidiú beart eile le spriocanna agus cuspóirí aeráide, lena n-áirítear na bearta sin i gcaibidil REPowerEU agus sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta;<br>— Ailíniú le cuspóirí aeráide “Oiriúnach do 55” agus comhtháthú féideartha an bhirt sna Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide tosaigh nó nuashonraithe, rud a léiríonn nach gcuirtear i mbaol baint amach spriocanna agus cuspóirí aeráide aeráidneodracht an Aontais faoi 2050. |
| Tá sé beartaithe go mbeidh an beart i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2026 | — Amlíne agus plean oibre an tionscadail, lena n-áirítear stádas oibríochtúil beartaithe an 31 Nollaig 2026 (stádas nósanna imeachta conarthacha agus údaruithe na dtionscadal, na bhformheasanna agus na gceadanna a cuireadh isteach). |

4. ***Gné agus éifeacht trasteorann agus ilnáisiúnta***

Tá bonneagar trasteorann agus tionscadail ilnáisiúnta tábhachtach chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach sa mheántéarma agus moltar iad faoi REPowerEU. Meastar go bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag bearta má rannchuidítear le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine nó má laghdaítear spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar an éileamh ar fhuinneamh a bhuí leo.

Áirítear i Rialachán REPowerEU ceanglas breise in Airteagal 18(4), pointe h, a bhaineann le tionscadail thrasteorann nó ilnáisiúnta. Ina gcaibidlí REPowerEU, beidh ar na Ballstáit a léiriú céard iad na bearta sa chaibidil, lena n-áirítear, *inter alia*, na bearta sin lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin arna sainaithint sa mheasúnú is déanaí ar riachtanais ón gCoimisiún, a mheastar a bhfuil gné agus éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo. Ina theannta sin, tá ar na Ballstáit léiriú a thabhairt an ionann costais mheasta iomlána na mbeart sin agus 30 % ar a laghad de chostais mheasta iomlána na mbeart atá i gcaibidlí REPowerEU. Má tá méid níos lú ná 30 % i gcostais mheasta na mbeart sin, ba cheart do na Ballstáit míniú a thabhairt ar na cúiseanna atá leis sin.

Tionscadail bhonneagair trasteorann (faoi Airteagal 21c(1) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta)

Cuimsítear tionscadail bhonneagair i dtionscadail trasteorann (traiseoladh, líonraí dáilte agus bonneagar stórála) a bhfuil sé d'aidhm acu an soláthar fuinnimh a áirithiú, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar scrogaill atá ann cheana. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh a mheasúnú is déanaí ar riachtanais ó mhí Bealtaine 2022.

Agus a mheasúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé tionscadail san áireamh a bhfuil gné ilnáisiúnta acu e.g., tionscadail a dhéantar an tráth céanna i mBallstáit éagsúla, tionscadail atá mar chuid de chonair níos mó thar roinnt Ballstát nó tionscadail a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta ag a bhfuil tionchar mór ar na Ballstáit chomharsanachta.

Chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach ar an mbealach is fearr laistigh de thráthchlár teoranta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirfidh an Coimisiún cur chuige comhréireach i bhfeidhm agus cuirfidh sé an staid gheografach san áireamh chomh maith le dúshláin fuinnimh láithreacha agus fhadtéarmacha gach Ballstáit.

Bearta lena laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus an t-éileamh ar fhuinneamh

Níor cheart éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta beart i gcaibidil REPowerEU a thuiscint ar bhealach cúng mar éifeacht atá teoranta do thionscail a bhaineann le bonneagar trasteorann.

Agus comhtháthú na margaí fuinnimh idir na Ballstáit agus tuilleadh idirnaisc idir meascáin fuinnimh na mBallstát á gcur san áireamh, féadtar tionscadail a bhfuil tionchar mór acu ar an éileamh ar fuinnimh agus ar an soláthar fuinnimh (go háirithe gás agus leictreachas) a mheas mar thionscadail a bhfuil tionchar acu ar an gcothromaíocht idir an t-éileamh agus an soláthar thar roinnt tíortha agus ar shreafaí trasteorann.

Na bearta lena rannchuidítear leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus/nó leis an éileamh orthu a laghdú, lena mbaintear scrogaill i sreafaí fuinnimh inmheánacha nó lena n-éascaítear cur in úsáid agus comhtháthú tionscadal in-athnuaite (amhail traiseoladh leictreachais, eangacha dáilte agus sócmhainní stórála), is iondúil go mbíonn tionchar trasteorann ag na bearta sin agus ba cheart iad a áireamh i dtreo na sprice 30 %.

Dá bhrí sin, chun measúnú a dhéanamh ar thionchair thrasteorann nó ilnáisiúnta, déanfaidh an Coimisiún bearta a mheas a bhaineann leis na nithe seo a leanas gan, a bheith teoranta dóibh: éifeachtúlacht fuinnimh, cur in úsáid foinsí in-athnuaite, cur in úsáid teaschaidéal, dícharbónú tionscail, eangacha dáilte, agus hidrigin in-athnuaite/iontaise.

I gcás gach birt, beidh ar an mBallstát míniú gairid a thabhairt ar ghné thrasteorann na hinfheistíochta, lena n-áirítear an tionchar a mheastar a bheidh aige ar shreafaí fuinnimh trasteorann.

5. ***Assessment of the REPowerEU chapter***

Beidh na hathchóirithe agus an infheistíocht a áirítear i gcaibidil REPowerEU agus a mhaoinítear leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ina gcuid dhílis de na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Ba cheart dóibh coinníollacha uile Airteagal 18 a chomhlíonadh agus a bheith faoi réir na gcritéar measúnaithe a leagtar amach in Airteagal 19 agus in Iarscríbhinn V, mura sonraítear a mhalairt, go háirithe maidir leis an gclibeáil dhigiteach faoi Airteagal 19(3)(f) agus faoi Roinn 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán RRF.

**Critéar measúnaithe a bhaineann le cuspóirí REPowerEU**

Déanfar measúnú ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear i gcaibidlí REPowerEU faoin chritéar measúnaithe breise, arna leagan amach in Iarscríbhinn V, Roinn 2.12 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i ndáil lena rannchuidiú éifeachtach le cuspóirí REPowerEU. De réir Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirfidh an Coimisiún na gnéithe seo a leanas san áireamh agus measúnú a dhéanamh le féachaint an ndéantar na nithe seo a leanas leis na bearta:

— feabhas a chur ar bhonneagar fuinnimh agus ar shaoráidí fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair gáis, lena n-áirítear gás nádúrtha leachtaithe (GNL), go háirithe le go mbeifear in ann an soláthar a éagsúlú ar mhaithe le leas an Aontais ina iomláine; i gcás ina bhfuil feidhm ag an maolú faoi Airteagal 21c(3), pointe (a), feabhsuithe ar bhonneagar agus saoráidí ola chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair, tá sa feabhsuithe sin incháilithe; nó

— borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus i mbonneagar criticiúil fuinnimh, an tionscal a dhícharbónú, táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe agus hidrigine in-athnuaite nó saor ó iontaise a mhéadú agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite; nó

— rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus, i gcás inarb ábhartha, tosaíocht leordhóthanach a thabhairt do riachtanais na ndaoine sin a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh chomh maith le leochaileachtaí a laghdú le linn na séasúr geimhridh amach anseo; nó

— laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh a dhreasú; nó

— aghaidh a thabhairt ar scrogaill inmheánacha agus trasteorann traiseolta agus dáilte fuinnimh, tacú le stóráil leictreachais agus dlús a chur le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, nó tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus a bhonneagar, lena n-áirítear iarnróid; nó

— tacú leis na cuspóirí thuas trí bhorradh a chur faoi athcháiliú an lucht saothair chun scileanna glasa agus na scileanna digiteacha gaolmhara a bhaint amach, chomh maith le tacú le slabhraí luacha in amhábhair chriticiúla agus i dteicneolaíochtaí criticiúla atá nasctha leis an aistriú glas.

Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a léiriú freisin go bhfuil caibidlí REPowerEU comhleanúnach lena n-iarrachtaí eile chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Na hathchóirithe móra agus na hinfheistíochtaí móra nach maoinítear faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí REPowerEU i dtráthchlár na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, ba cheart tuairisc orthu sin a áireamh san fhaisnéis a chuirfidh na Ballstáit ar fáil maidir leis an bpointe seo, chomh maith le míniú ar an gcaoi a bhfuil na hiarrachtaí sin i gcomhchoibhneas le cuspóirí REPowerEU.

**Measúnú ar ghné nó éifeacht trasteorann agus ilnáisiúnta**

I gcomhréir le hAirteagal 19 leasaithe, cuimseofar i measúnú an Choimisiúin ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe critéar measúnaithe breise maidir le gné thrasteorann nó ilnáisiúnta nó éifeacht athchóirithe agus infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, i gcomhréir le hIarscríbhinn V, na gnéithe seo a leanas dá mheasúnú:

1) cé acu a rannchuidítear nó nach rannchuidítear le slándáil sholáthair an Aontais trí aghaidh a thabhairt leis an mbeart ar dhúshláin arna sainaithint sa mheasúnú is déanaí ón gCoimisiún ar riachtanais, cé acu atá nó nach bhfuil sé i gcomhréir le cuspóirí REPowerEU, agus ranníocaíocht airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann agus a shuíomh geografach á gcur san áireamh.

NÓ

2) an meastar go rannchuideofar leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú (ó thaobh soláthair agus éilimh de) agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú (cibé acu leictreachas, gás, breoslaí iontaise etc...) le cur chun feidhme an bhirt atá beartaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 20(5) leasaithe, cuirfidh an Coimisiún san áireamh ina mheasúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n-áireofar caibidil REPowerEU, achoimre ar na bearta atá beartaithe de chuid chaibidil REPowerEU a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta aici. Leagfar síos an achoimre sin sa chinneadh cur chun feidhme.

Más lú ná 30 % de chostais mheasta na mbeart uile atá i gcaibidil REPowerEU costais mheasta na mbeart sin, míneofar san achoimre cén fáth nach gcomhlíontar an sprioc tháscach sin, mar shampla trína léiriú go tugtar aghaidh níos fearr ar chuspóirí REPowerEU le bearta eile a áirítear i gcaibidil REPowerEU an Bhallstáit nó nach bhfuil dóthain tionscadal réalaíocha ar fáil a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta acu, go háirithe i bhfianaise shaolré na Saoráide.

**Nuashonrú ar an gcritéar measúnaithe a bhaineann leis an sprioc aeráide 37 %**

Sa bhreis ar an sprioc aeráide de 37 % ar a laghad de leithdháileadh iomlán an phlean, ba cheart do chaibidil REPowerEU féin sprioc aeráide de 37 % ar a laghad a bhaint amach bunaithe ar chostais mheasta iomlána na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

Féadtar an tairseach sin a ríomh trí shuim chostais mheasta na mbeart sin lena mbaineann ranníocaíocht aeráide atá san áireamh le caibidil REPowerEU a roinnt ar shuim chostais mheasta na mbeart uile a chuimsítear i gcaibidil REPowerEU.

**Díolúine ón oibleagáid cur leis an sprioc dhigiteach 20 %**

I gcomhréir le hAirteagal 21c(5) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beidh athchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear i gcaibidlí REPowerEU atá le maoiniú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta faoi réir na modheolaíochta clibeála digití a leagtar amach in Airteagal 19(3)(f) agus in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar sin féin, ní chuirfear an tacaíocht do bhearta faoi chaibidil REPowerEU san áireamh sa ríomh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an sprioc dhigiteach 20 % bainte amach.

Cé go bhfuil na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a chuirtear chun cinn i gcaibidlí REPowerEU díolmhaithe ó ríomh na sprice digití, tá na Ballstáit le míniú cáilíochtúil a sholáthar ar an gcaoi a meastar go rannchuideofar leis an aistriú digiteach agus leis na dúshláin dá thoradh sin leis na bearta ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na bearta sin i gcaibidlí REPowerEU. Iarrtar ar na Ballstáit infheistíochtaí digiteacha atá ábhartha do chuspóirí REPowerEU a chur chun cinn. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar infheistíochtaí den sórt sin, mar shampla:

— Digitiú na ngréasán fuinnimh, lena n-áirítear eangach chliste;

— Leas a bhaint as méadair chliste, luchtú cliste, córais bainistithe cliste agus braiteoirí in éineacht le hoibreacha athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh;

— Aeráidneodracht na lárionad sonraí agus na líonraí agus athúsáid a dramhtheasa;

— Cibearshlándáil don chóras fuinnimh, rud atá ríthábhachtach ó thaobh shlándáil an tsoláthair de;

— Bonneagair sonraí chun gur féidir an fhreagairt don éileamh (e.g. leis an spás coiteann Eorpach sonraí fuinnimh) agus stóráil fuinnimh a fhorbairt go forleathan;

— Bearta chun an t-iompar a dhigitiú, ar bearta iad atá tiomnaithe go páirteach do laghdú astaíochtaí gáis ceaptha teasa (GCT);

— Bearta chun próiseáil deontas le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhigitiú;

— Bearta chun córais slándála sóisialta a dhigitiú lena gcumasaítear na teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta a shainaithint i gceart agus déine na cabhrach airgeadais a mhodhnú;

— Scileanna digiteacha nó feidhmchláir chun tomhaltóirí fuinnimh a chumhachtú.

Ar deireadh, chun tacú le huaillmhianta digiteacha na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, leanfaidh an chlibeáil dhigiteach de bheith infheidhme maidir le gach tacaíocht do na bearta uile a chuirtear chun cinn sna hathbhreithnithe ar na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 21c(1) de Rialachán REPowerEU.

## II. Treoraíocht ghinearálta maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a mhodhnú

Tugtar forléargas sna ranna thíos ar na heilimintí ba cheart do na Ballstáit a léiriú ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe. Tugtar aghaidh sa Treoraíocht seo ar na ceisteanna is minice a tharraing na Ballstáit anuas agus cuirtear treoirlínte praiticiúla ar fáil maidir le conas an t-aguisín a ghabhann leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a struchtúrú i gcomhréir le ceanglais Airteagal 18 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Chun comhsheasmhacht a áirithiú i gcur i láthair an aguisín agus sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, leantar Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta ó mhí Eanáir 2021 sa struchtúr seo thíos. Moltar do na Ballstáit leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as an struchtúr céanna dá gcuid Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta agus na hathruithe ar na codanna de na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana a theorannú.

### 1. *Cuspóirí na modhnuithe*

**Freagairt chuimsitheach agus cothromaithe go leordhóthanach ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta/ an rannchuidiú leis na 6 cholún**

Ba cheart an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe leanúint de bheith ina fhreagairt atá cuimsitheach agus cothromaithe go leordhóthanach ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta agus ba cheart rannchuidiú go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún in Airteagal 3 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis an bPlean. Ba cheart na hathruithe ar an bplean tosaigh an chothromaíocht sin a choinneáil, nó, i gcás ina modhnófaí é, ba cheart údar cuí a bheith leo trína léiriú go bhfuil sé sin i gcomhréir leis na dúshláin nua atá roimh an mBallstát agus/nó le leithdháileadh airgeadais nua an Bhallstáit. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe fós ina fhreagairt chuimsitheach agus cothromaithe go leordhóthanach ar staid eacnamaíoch agus shóisialta an Bhallstáit lena mbaineann. Más athruithe imeallacha iad na hathruithe ar an bplean, is féidir leis na Ballstáit glacadh leis go leanfar den rannchuidiú leis na sé cholún a bheith cothromaithe gan gá mínithe breise mionsonraithe a thabhairt.

Ba cheart do na Ballstáit na bearta nua a nascadh leis na colúin ábhartha, trí mhíniú a thabhairt ar an gcaoi a rannchuideoidh siad leo. Má bhaintear bearta áirithe ón bplean modhnaithe nó má laghdaítear iad, ba cheart a mhíniú conas a leanfaidh rannchuidiú foriomlán an phlean leis na colúin lena mbaineann de bheith leordhóthanach. I gcás inarb ábhartha, ba cheart nasc a tharraingt leis an míniú sin idir na bearta a baineadh agus aon bheart nua a mholtar mar ionadú ar an gcéad bheart eile, agus tagairt á déanamh do na colúin a ndéantar difear dóibh.

Ba cheart aird chuí a thabhairt sna míniúcháin a thugtar ar aon fhorbairt nua i mbeartais an Bhallstáit nó i mbeartais an Aontais a dhéanann difear do na sé cholún. Moltar do na Ballstáit go háirithe machnamh a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí geopholaitiúla is déanaí ar rannchuidiú breise an phlean leis an gcolún aistrithe glas, i bhfianaise chuspóirí REPowerEU. Sa chomhthéacs sin, na haguisíní ina bhfuil bearta breise nach gcumhdaítear ach ceann amháin nó dhá cheann de na colúin leo, tá siad inghlactha sa mhéid is go bhfuil údar cuí leis sin i ngeall ar na dúshláin nua atá os comhair na mBallstát.

**Nasc le moltaí tírshonracha agus leis an Seimeastar Eorpach**

Leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí breise agus lena n-iarrtar níos mó cistí, ba cheart na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a chur san áireamh, ina gcuimsítear na dúshláin a ghlac an Chomhairle i dtimthriallta Sheimeastar Eorpach 2019 agus 2020 agus i dtimthriallta an tSeimeastair ina dhiaidh sin suas go dtí dáta an mheasúnaithe ar na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe ([12]). Beidh ábharthacht ar leith ag baint leis na moltaí tírshonracha a eiseofar i dtimthriall 2022 agus i dtimthriall 2023, a luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle iad, go háirithe chun caibidlí REPowerEU a ullmhú. Déantar breithniú sna tuarascálacha bliantúla de réir tíre ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na mbeart a áirítear sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, agus béim á leagan ar shamplaí d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí tábhachtacha a bhaineann le garspriocanna comhlíonta atá i gcomhréir le moltaí tírshonracha a bhí ann roimhe seo, agus sainaithnítear iontu príomhdhúshláin atá fós gan réiteach nó atá ag teacht chun cinn nach gcumhdaítear go leordhóthanach sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, arb iad is bonn do mholtaí tírshonracha nua.

Agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a bpleananna, ní mór do na Ballstáit leanúint d'aghaidh éifeachtach a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha , lena n-áirítear na moltaí tírshonracha a ghlac an Comhairle faoi thimthriallta Sheimeastar 2022 agus (i gcás inarb ábhartha) 2023 agus i dtimthriallta an tSeimeastair ina dhiaidh sin suas go dtí dáta an mheasúnaithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe.

Le hathbhreithnithe síos ar an ranníocaíocht uasta airgeadais, ní dhéantar difear don ghá atá ann aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha ar fad nó ar fhothacar suntasach díobh toisc nach mbíonn athchóirithe costasach de ghnáth. Dá bhrí sin, níor mhór an leibhéal céanna uaillmhéine a choinneáil i gcás Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe nach mbeadh cistiú breise ag teastáil ina leith agus a bhí sa phlean a glacadh roimhe seo, go háirithe maidir le hathchóirithe lena dtugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha.

I gcás na mBallstát sin a iarrann iasacht nó a fheiceann méadú (substaintiúil) ar a ranníocaíocht uasta airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ní mór tacar iomlán na moltaí tírshonracha ó 2019, 2020 agus 2022 a chur san áireamh i gcás ina gcuirtear leis an bplean tosaigh. Tá feidhm ag an méid sin, go háirithe ag na riachtanais bhreise athchóirithe agus infheistíochta a sainaithníodh i gcleachtadh Sheimeastar Eorpach 2022, lena n-áirítear na riachtanais a bhaineann leis an ngá atá le spleáchais fuinnimh a laghdú.

I gcás na mBallstát a úsáideann a n-iasachtaí go heisiach chun críocha REPowerEU agus nach mbaineann tairbhe as méadú suntasach ar dheontais na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, breithneoidh an Coimisiún go háirithe na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh. I gcás ina gcuirfear breiseáin ar phleananna isteach tar éis don Chomhairle moltaí tírshonracha 2023 a ghlacadh, ní mór iad sin a chur san áireamh freisin. Is deis é cur isteach na n-aguisíní freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a sainaithníodh i dtimthriallta de chuid an tSeimeastair Eorpaigh roimhe seo nach dtugtar aghaidh orthu nó nach dtugtar aghaidh orthu ach i bpáirt sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh roimhe seo.

Agus a n-aguisíní á n-ullmhú acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh tionchar na n-athruithe atá beartaithe ar inbhuanaitheacht fhioscach i gcomhréir le moltaí tírshonracha 2022 a bhaineann le hábhair fhioscacha agus bhuiséadacha, mar a d'fhormheas an Chomhairle. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit ón limistéar euro a áirithiú go bhfuil na bearta nuashonraithe comhsheasmhach leis na tosaíochtaí a sainaithníodh sa mholadh is déanaí maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, go háirithe na gnéithe a bhaineann le fuinneamh, arna nglacadh ag an gComhairle.

([12]) Mar chuid de thimthriall rialta an tSeimeastair Eorpaigh, is iondúil gurb é an Coimisiún a mholann moltaí tírshonracha i dtreo dheireadh mhí na Bealtaine/tús mhí an Mheithimh, arna bhformhuiniú ag an gComhairle Eorpach agus arna nglacadh faoi dheireadh ag an gComhairle go luath i mí Iúil.

**Tionchar foriomlán an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta**

I gcomhréir le Treoraíocht 2021 maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, ba cheart do na Ballstáit míniú a thabhairt ar a mhéid a mheastar go n-athróidh na hathruithe atá beartaithe tionchar foriomlán a gcuid Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Ba cheart a léiriú leis an míniú sin an tionchar a mheastar a bheidh ag an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe ina iomláine, agus na bearta a cuireadh leo nó a baineadh de á gcur san áireamh. Ní mór na heilimintí seo a leanas a bheith san áireamh:

— Ionchas maicreacnamaíoch agus sóisialta;

— Míniú ar thionchar maicreacnamaíoch agus sóisialta an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 18(4) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;

— Inbhuanaitheacht;

— Comhtháthú.

Iarrtar ar na Ballstáit figiúirí nuashonraithe a sholáthar maidir le tionchar a gcuid Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe, a mhéid atá na modhnuithe ar na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta suntasach ó thaobh substainte agus/nó méide de. Agus é sin á dhéanamh acu, is féidir leis na Ballstáit a bheith ag brath ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus féadfaidh siad crostagairtí a úsáid más gá. Ba cheart méid na faisnéise nua a chuirfear ar fáil a bheith comhréireach leis na hathruithe a mholtar sna haguisíní.

**Comhleanúnachas**

Ba cheart tionchar na n-athruithe atá beartaithe ar chomhleanúnachas an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a chur in iúl trí mhíniú a thabhairt ar na hidirghníomhaíochtaí idir bearta nua nó bearta modhnaithe agus iad siúd a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh roimhe sin, trí thagairt a dhéanamh do na bearta a choimeádtar agus do na bearta a tarraingíodh siar sa phlean modhnaithe. Iarrtar ar na Ballstáit a mhíniú freisin conas a choimeádtar an chothromaíocht fhoriomlán idir athchóirithe agus infheistíochtaí. Níor cheart neamhréireachtaí a chruthú le bearta nua nó modhnaithe agus níor cheart comhleanúnachas foriomlán an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a dhéanamh níos measa mar gheall orthu.

Ní mór comhsheasmhacht le comhaontuithe agus cláir chomhpháirtíochta an bheartais chomhtháthaithe atá formheasta a leagan amach freisin, i gcomhréir le hAirteagail 17(3), 18(4n) agus aithris 62 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (féach thíos freisin).

**Comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách**

Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar difear leis na hathruithe do rannchuidiú a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe le cuspóirí an chomhionannais inscne agus comhdheiseanna do chách. I gcomhthéacs na n-imeachtaí a tharla le déanaí, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar rioscaí na bochtaineachta fuinnimh a mhaolú, go háirithe i gcás grúpaí faoi mhíbhuntáiste.

Ba cheart do na Ballstáit Treoraíocht 2021 maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a leanúint chun na críche sin agus, an tráth céanna, na forbairtí is déanaí a léiriú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh, mar shampla:

— Breithniú a dhéanamh faoin mbealach is fearr chun na cuspóirí maidir le comhionannas inscne agus comhdheiseanna a chur san áireamh sa phróiseas cur chun feidhme agus faireacháin, agus an taithí a fuarthas go dtí seo maidir le cur chun feidhme a bpleananna á cur san áireamh;

— Foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht comhlachtaí comhionannais agus neamh-idirdhealaithe i gcur chun feidhme na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, mar shampla mar chuid de na comhlachtaí ábhartha faireacháin;

— Na cuspóirí sin a léiriú ar bhealach níos fearr sna garspriocanna agus sna spriocanna athbhreithnithe, mar shampla trí iad a dhí-chomhiomlánú de réir inscne, aoise, míchumais, nó de réir bunadh cinīoch nó eitneach, nuair is féidir.

Ba cheart méid na faisnéise nua a chuirfear ar fáil a bheith comhréireach leis na hathruithe a mholtar sna haguisíní.

**Státchabhair**

Tá feidhm iomlán ag na rialacha a bhaineann le Státchabhair maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí breise nó athbhreithnithe. Tá sé de fhreagracht ar gach Ballstát a áirithiú go gcomhlíonann na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, go háirithe prionsabal na comhréireachta, agus go leanfaidh siad na nósanna imeachta Státchabhrach is infheidhme.

Sa chomhthéacs sin, tugtar treoir i dTreoirlínte 2022 an Choimisiúin maidir leis an Aeráid, Fuinneamh agus Cabhair Chomhshaoil ([13]) maidir leis an gcaoi a ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht chosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil, bearta cabhrach fuinnimh atá faoi réir an cheanglais fógra a thabhairt faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE. Thairis sin, dearbhaítear i Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine, atá á athbhreithniú faoi láthair, catagóirí sonracha Státchabhrach atá comhoiriúnach leis an gConradh, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha soiléire leo, agus díolmhaítear ann na catagóirí sin ón gceanglas fógra a thabhairt roimh ré don Choimisiún agus formheas a fháil ón gCoimisiún. Mar shampla, maidir le bearta lena gcuirtear le cuspóirí REPowerEU, moltar do na Ballstáit forálacha Roinn 4 de Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine maidir le cabhair le haghaidh taighde, forbartha agus na nuálaíochta agus Roinn 7 maidir le cabhair le haghaidh chosaint an chomhshaoil a mheas.

An Creat Géarchéime Sealadach um Státchabhair a ghlac an Coimisiún an 23 Márta 2022 chun tacú le geilleagar an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha freisin maidir leis an measúnú ar státchabhair a bhaineann le bearta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta i gcásanna aonair, i gcás ina leigheasann an chabhair na héifeachtaí eacnamaíocha a ghabhann leis an bhfogha a thug an Rúis faoin Úcráin. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar nuashonruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat sealadach géarchéime um státchabhair agus ar Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine, amhail a raon feidhme a leathnú agus tairseacha fógartha a ardú, rud a d'éascódh, mar thoradh air sin, imréiteach bhearta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta/REPowerEU. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil infheistíochtaí a bhaineann le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEIanna) curtha san áireamh ina gcuid Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta ag líon mór Ballstát, déanfar formheas na dtionscadal a bhaineann le IPCEI a chuíchóiriú agus a shimpliú a thuilleadh. Tá sé sin tábhachtach chun a áirithiú go gcuirfear na hinfheistíochtaí sin chun feidhme go tráthúil agus go gcuirfear i gcrích iad faoin spriocdháta a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i.e., an 31 Lúnasa 2026. Beidh cur chun feidhme tráthúil rathúil na dtionscadal suaitheanta sin ríthábhachtach maidir le rannchuidiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta leis an aistriú glas agus digiteach agus maidir lena rath foriomlán.

De réir Threoraíocht agus theimpléad 2021 maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, iarrtar ar na Ballstáit a shonrú ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe le haghaidh gach athchóiriú agus infheistíocht nua nó athbhreithnithe cé acu a mheasann nó nach measann siad go bhfuil gá le fógra maidir le Státchabhair de réir an bhirt, agus más amhlaidh go bhfuil, iarrtar orthu léiriú a thabhairt ar uainiú an réamhfhógra agus an fhógra. Má mheasann an Ballstát nach bhfuil gá le fógra a thabhairt faoin mbeart, ba cheart don Bhallstát tagairt a áireamh don chinneadh reatha um údarú státchabhrach nó d'fhorálacha i Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine nó i rialacháin bhlocdhíolúine eile a measadh a bheith infheidhme maidir leis an mbeart, mar aon leis na húdair bhunúsacha, nó cur síos ar na cúiseanna nach gcáilíonn an beart mar státchabhair. Agus an amlíne á réamh-mheas acu chun na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a chomhlíonadh, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh dóthain ama ag an gCoimisiún aon státchabhair a d'fhéadfadh a bheith sna bearta infheistíochta ábhartha agus a mbeadh fógra Státchabhrach de dhíth ina leith a imréiteach. Tá an Coimisiún réidh chun réamhthreoir a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le comhlíonadh gach infheistíochta dá bhforáiltear ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe leis an gcreat rialála státchabhrach. Moltar do na Ballstáit a sceideal (réamhfhógartha) a roinnt leis an gCoimisiún chun réamhaíocht leordhóthanach a áirithiú.

Bunaithe ar an taithí a fuarthas roimhe seo maidir le bearta a áirítear sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta agus a ndearnadh athbhreithniú orthu ó thaobh na státchabhrach de, tá sé ríthábhachtach cumarsáid a dhéanamh go luath le seirbhísí an Choimisiúin agus Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta á n-ullmhú, chun measúnú pras a dhéanamh ar státchabhair ar na bearta ar tugadh fógra ina leith. Iarrtar ar na Ballstáit dul i mbun plé le seirbhísí an Choimisiúin chun lántairbhe a bhaint as na deiseanna a thugtar leis na creataí éagsúla státchabhrach d'fhonn bearta a dhearadh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

Ní cheadaítear cabhair chun speansas cuideachtaí ó lá go lá a laghdú ach amháin i líon teoranta cásanna agus faoi choinníollacha dochta. Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil beart lena mbaineann an cineál sin cabhrach á mheas acu a áirithiú go gcomhlíonann sé na coinníollacha is infheidhme a leagtar amach sa chreat ábhartha Státchabhrach.

Cé go bhféadfadh athrú teacht ar na rialacha maidir le Státchabhair go dtí 2026, ba cheart a mheabhrú, faoi na rialacha maidir le Státchabhair, gurb é an tráth ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar bheart an tráth a dheonaítear an Státchabhair, i.e. an tráth a thugtar ceart atá in-fhorfheidhmithe le dlí don tairbhí an chabhair a fháil. Fad agus a fhoráiltear leis an gcreat ábhartha Státchabhrach maidir le bonn comhoiriúnachta ar bheart an tráth sin, is féidir é a chur chun feidhme (is féidir an státchabhair a íoc agus infheistíochtaí a chur i gcrích), fiú má thagann athrú ar na rialacha maidir le Státchabhair ina dhiaidh sin.

([13]) SEC(2022) 70 final - SWD(2022) 19 final - SWD(2022) 20 final.

2. ***Tuairisc ar na hathruithe***

De réir Threoraíocht agus theimpléad 2021 maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, ba cheart an chuid seo a struchtúrú in aghaidh na comhpháirte. Níor cheart an roinn a chur ar fáil ach amháin i gcás na gcomhpháirteanna sin a ndéantar athruithe ina leith. Níor cheart an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i ranna eile a thabhairt athuair ach a léiriú cé na hathruithe a rinneadh i gcomparáid leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh roimhe seo (le tagairtí beachta do na ranna agus na bearta ábhartha). Is féidir leis na Ballstáit brath ar na comhpháirteanna atá ann cheana chun roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí den ábhar céanna a chur leis (e.g. féadfar beart nua athchóirithe foirgneamh a chur le comhpháirt atá ann cheana maidir le hathchóiriú fuinnimh). Is féidir leis na Ballstáit gnéithe nua ar fad a chur leis i gcás infheistíochtaí agus athchóirithe nua a bhfuil tosaíochtaí éagsúla acu.

**Tuairisc ar leasuithe agus infheistíochtaí**

I gcás gach comhpháirte ina bhfuil athruithe ar na bearta bunúsacha, ba cheart do na Ballstáit a léiriú cé na hinfheistíochtaí nó na hathchóirithe atá "curtha leo", "bainte" nó "modhnaithe" i gcomparáid le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta roimhe seo.

**Use of financial instruments and budgetary guarantees**

Is féidir le bearta i bhfoirm ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a bheith ina réiteach tarraingteach chun na hinfheistíochtaí dá bhforáiltear i bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthar ar roinnt cúiseanna:

— Is féidir le hionstraimí airgeadais aisíocaíocht an bhunairgid a fhaigheann na tairbhithe a leabú ar ais chuig an mBallstát, rud a chuireann srian ar chruthú an fhiachais phoiblí san fhadtéarma.

— Ní mór dóibh athúsáid na sreafaí a cheadú, lena n-áirítear aisíoc na príomhshuime i gcás inarb iomchuí (amhail i gcás cistí iasachta agus scéimeanna cothromais), le haghaidh na gcuspóirí beartais céanna lena n-áirítear an tréimhse tar éis 2026 agus/nó iasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a aisíoc.

— Is féidir leo a lán infheistíochtaí beaga a mhaoiniú laistigh de chreat comhleanúnach, amhail ráthaíochtaí poiblí agus iasachtaí fabhracha le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus an fhor-rochtain a éascú do thairbhithe féideartha trí struchtúir chomhpháirtíochta dhíláraithe.

— Is féidir leo cabhrú le leas a bhaint as acmhainní airgeadais breise nó as comhinfheistíocht, go háirithe ó chuideachtaí príobháideacha agus ó institiúidí airgeadais príobháideacha.

Ag foghlaim ón taithí a fuarthas ó na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana, d'fhéadfadh na Ballstáit na hionstraimí airgeadais seo a leanas a mheas:

— Ionstraimí ráthaíochta agus iasachtaí fabhracha chun costais an chaipitil a fhaightear ar iasacht le haghaidh scéimeanna athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a laghdú;

— Comhaontuithe Poiblí Príobháideacha maidir le hinfheistíochtaí ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh;

— Athmhaoiniú ESCOanna chun feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a scaoileadh i bpróisis mhonaraíochta, i bhfoirgnimh neamhchónaithe, agus i bhfoirgnimh ilárasán;

— Infheistíochtaí cothromais i gcuideachtaí nó i gcistí cothromais a thacaíonn leis an aistriú glas. ([14])

In Iarscríbhinn I, cuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil maidir le húsáid ionstraimí airgeadais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus maidir leis an bhféidearthacht rannchuidiú le ráthaíocht InvestEU trí urrann an Bhallstáit bunaithe ar an taithí a fuarthas le linn ullmhú agus chur chun feidhme na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta tosaigh.

**Gnéithe glasa agus digiteacha**

Ba cheart do na Ballstáit a mhíniú a mhéid a chuirfidh a gcuid Clár Oibre modhnaithe leis an aistriú glas agus le spleáchas fuinnimh an Aontais a laghdú, chomh maith le haistriú digiteach a sheasfaidh an aimsir agus Margadh Aonair Digiteach láidir a bhaint amach nó aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. D'fhéadfadh bearta taighde agus nuálaíochta agus amlíne ábhartha a bheith i gceist leis sin. Measfar go bhfuil an dá aistriú ag treisiú a chéile, i gcomhréir le coincheap na n-athruithe cúplacha, agus breathnóidh an Coimisiún orthu gan stad.

([14]) Go háirithe i gcás FMBanna.

Leanfar de mheasúnú a dhéanamh ar an ngné ghlas de bhearta an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta faoi chur chuige cáilíochtúil (an nasc idir na bearta sin agus dúshláin fuinnimh, aeráide agus chomhshaoil gach Ballstáit) agus faoi chur chuige cainníochtúil (an rannchuidiú iomlán le cuspóirí aeráide an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta mhodhnaithe – lena n-áirítear caibidil REPowerEU – chomh maith le caibidil REPowerEU ina n-aonar, ní mór 37 % ar a laghad de leithdháileadh iomlán an phlean a bheith mar thoradh orthu araon).

Iarrtar ar na Ballstáit a mhíniú conas a rannchuideofar le baint amach spriocanna aeráide an Aontais atá cumhdaithe sa Dlí Aeráide lena bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus conas a thabharfar na spriocanna aeráide arna gcomhaontú ar leibhéal polaitiúil i mí na Nollag 2022 mar aon le codanna eile den phacáiste "Oiriúnach do 55" arna moladh i mí Iúil agus mí na Nollag 2021 a chur san áireamh. Leagtar amach sa phacáiste "Oiriúnach do 55" gníomhaíochtaí reachtacha chun beartais aeráide, fuinnimh, úsáide talún, iompair agus chánachais a chur in oiriúint le haghaidh laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, agus chun neodracht aeráide atá cumhdaithe i nDlí Eorpach na hAeráide a bhaint amach.

Leanfar de mheasúnú a dhéanamh ar an ngné dhigiteach de bhearta an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta faoi chur chuige cáilíochtúil agus faoi chur chuige cainníochtúil araon. An 9 Márta 2021, thíolaic an Coimisiún Eorpach "Digital Compass 2030: The European way for digital decade [Compás Digiteach 2030: Bealach chuig Deacáid Dhigiteach na hEorpa]", bunaithe ar cheithre phointe chardánacha: scileanna, bonneagair dhigiteacha slán agus inbhuanaithe, claochlú digiteach gnóthas, agus digitiú na seirbhísí poiblí. Sainítear ann spriocanna uaillmhianacha ar leibhéal an Aontais do gach ceann de na pointí sin, agus sprioc 2030 ag gabháil leo. Ina dhiaidh sin, bhí togra le haghaidh Cinnidh maidir le Clár Beartais 2030 "Conair i dtreo na Deacáide Digití", a tháinig i bhfeidhm an 9 Eanáir 2023. Bhunófaí leis an gClár struchtúr rialachais faoina gcomhoibreodh na Ballstáit agus an Coimisiún ar bhealach struchtúrtha chun na spriocanna a bhaint amach agus ina n-éascófaí cur chun feidhme tionscadal ilnáisiúnta. Iarrtar ar na Ballstáit a léiriú conas a rannchuideodh aon bhearta breise nó modhnaithe lena dtabharfaí aghaidh ar an aistriú digiteach, nó ar na dúshláin a eascraíonn as, leis na ceithre phointe charda agus le spriocanna 2030 a bhaint amach.

Maidir leis an gcur chuige cainníochtúil, ní mór 20 % ar a laghad de leithdháileadh iomlán an phlean a bheith i rannchuidiú iomlán an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta mhodhnaithe, seachas na bearta atá san áireamh i gcaibidil REPowerEU.

**Rianú aeráide agus clibeáil dhigiteach**

Tá an sprioc aeráide 37 % agus an sprioc dhigiteach 20 % a leagtar amach in Airteagal 19(3) pointe (e) agus (f) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta fós éigeantach i gcás athruithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, beag beann ar an bhforas as a dtagann na hathruithe sin (cé is moite de chostas na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU i ndáil le clib dhigiteach; ní chuirtear bearta a áirítear i gcaibidlí REPowerEU san áireamh chun an sprioc dhigiteach a ríomh). Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, do na Ballstáit leithdháileadh iomlán an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a chur san áireamh agus athbhreithnithe á dtabhairt isteach acu dá bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear tráth ar tháinig méadú nó laghdú ar an ranníocaíocht airgeadais athbhreithnithe.

Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a mhíniú, i gcás gach birt nua nó modhnaithe, an rannchuidiú leis na spriocanna aeráide agus digiteacha, de réir threoraíocht 2021 maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Beidh gá le measúnú nua ar an gclibeáil chun a fhíorú gur baineadh amach an dá sprioc ar bhonn leanúnach i gcás ina n-athraítear costas iomlán measta an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, nó costas aon bheart a bhfuil clib aeráide nó chlib dhigiteach ag gabháil leo. Ní mór measúnú clibeála a dhéanamh freisin i gcás aon athrú ar raon feidhme tosaigh, ar chineál tosaigh nó ar dhearadh tosaigh birt atá ann cheana.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndéantar an dá sprioc a ríomh don Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe *ina n-iomláine*, ina bhfuil an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh roimhe seo agus an t-aguisín araon, gan costais na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU i leith na clibe digití a áireamh. Athríomhfar na ranníocaíochtaí aeráide agus digiteach don Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe ag cur san áireamh na hathruithe a thugtar ar na bearta sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus na costais mheasta mhodhnaithe thuas luaite. Cuirfear an rannchuidiú aeráide i gcomparáid le leithdháileadh iomlán an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Déanfar an sprioc aeráide a ríomh ar leithligh freisin le haghaidh chaibidil REPowerEU. Cuirfear an ranníocaíocht dhigiteach i gcomparáid le leithdháileadh iomlán an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, seachas na méideanna le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU.

Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó na 27 bplean a glacadh, maidir le bearta lena gcumhdaítear réimsí éagsúla amhail i gcás beart cothrománach, is gá rianú aeráide agus clibeáil dhigiteach a chur i bhfeidhm i gcás inarb ábhartha ar fhobheart (cuid ar leith de bheart a bhaineann le réimse sonrach idirghabhála) agus úsáid á baint as réimsí idirghabhála éagsúla (faoi Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta).

Thairis sin, is fiú a mheabhrú go ndéantar, le hAirteagal 19(3) pointe (e) agus pointe (f) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Iarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VII a ghabhann leis, comhéifeachtaí infheidhme a leagan amach chun an tacaíocht do na spriocanna aeráide agus digiteacha a ríomh. De réir na bhforálacha sin, féadfar na comhéifeachtaí chun tacaíocht a thabhairt do na cuspóirí aeráide a mhéadú (suas le 3 % ar an iomlán le haghaidh na clibeála aeráide), ar choinníoll go bhfuil bearta ag gabháil leo a mhéadaíonn a dtionchar. Ba cheart do na Ballstáit údar cuí leordhóthanach a thabhairt le húsáid na bhforálacha sin i gcás inarb ábhartha.

Ba cheart do na Ballstáit cur síos a dhéanamh ar an gcur chuige sonrach a mholann siad chun bearta den sórt sin a chlibeáil. Is féidir leis an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit samplaí den chaoi a ndearnadh bearta comhchosúla a chlibeáil sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a ghlac an Chomhairle roimhe seo a aisghabháil.

**Gan dochar suntasach a dhéanamh**

Treoir Theicniúil maidir le "Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh"IO L 58, 18.2.2021, lch. 1. ina leagtar amach na treoirphrionsabail agus na modúlachtaí le haghaidh chur i bhfeidhm an phrionsabail "gan dochar suntasach a dhéanamh" i gcomhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, leanfaidh sé de bheith infheidhme go hiomlán, agus a saintréithe sonracha á gcur san áireamh. Soláthraítear ann freisin "seicliosta" a leanúint san fhéinmheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh" a bheidh le cur san áireamh sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe maidir le gach beart. Sa roinn seo déantar achoimre ar phríomheilimintí na Treoraíochta agus mínítear conas iad a chur i bhfeidhm a rinne siad maidir le bearta nua nó leasaithe. Tugtar soiléiriú breise ann freisin bunaithe ar an taithí a fuarthas ó na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh roimhe seo.

**Conas ar cheart an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs leasuithe na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta?**

Ní mór do Bhallstáit féinmheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh" a chur ar fáil maidir le gach beart nua nó modhnaithe atá san áireamh sa PhleanTéarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe, cé is moite de na cásanna sin, nuair nach bhfuil feidhm ag an bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" (féach freisin Roinn 2.1 agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir Theicniúil maidir le "Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh" ). Iarrtar ar na Ballstáit freisin measúnú cainníochtúil ar thionchar an athchóirithe nó na hinfheistíochta ar an gcomhshaol a chur ar fáil mar chuid den fhéinmheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh", nuair is ábhartha agus nuair is féidir. Ba cheart na breithnithe trasghearrtha seo a leanas a chur san áireamh (féach freisin Iarscríbhinn le faisnéis bhreise ar conas is féidir an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a chomhlíonadh):

— *Roghanna malartacha ísiltionchair nua atá ar fáil:* Tá na prionsabail i Roinn 2.4, lena n-áirítear Fonóta 25 de Threoir Theicniúil maidir le "Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh" fós infheidhme maidir le measúnú a dhéanamh ar bhearta nua nó leasaithe. Ba cheart go léireodh an measúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh" do na bearta sin an fhaisnéis maidir le roghanna eile ísealtionchair atá ar fáil ag an am a chuirtear isteach an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe.

— *Gan aon mhéadú ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcomparáid leis an mbeart tosaigh:* I gcás modhnú ar bheart atá ann cheana, níor cheart go méadódh an modhnú a thionchar coibhneasta ar an gcomhshaol i gcomparáid le tionchar an bhirt tosaigh. Ba cheart don Bhallstát an méid sin a léiriú. Nuair atá tionchar méadaithe ann, ba cheart don Bhallstát a léiriú go bhfuil prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" fós á chomhlíonadh ag an mbeart in ainneoin a thionchair níos mó ar an gcomhshaol.

**Conas ba cheart do na Ballstáit a thaispeáint ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta go bhfuil na bearta comhlíontach leis an bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh"?**

I gcás athruithe, d'fhéadfaí dhá phríomhchás a bheartú a mbeadh tionchar éagsúil acu ar an bpróiseas measúnaithe "gan dochar suntasach a dhéanamh":

— *Beart nua a thabhairt isteach:* Má roghnaíonn Ballstát beart nua a chur lena Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, ba cheart an próiseas céanna a leanúint maidir le tíolacadh tosaigh an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta . Ba cheart don Bhallstát an seicliosta atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir Theicniúil maidir le "Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh" a líonadh isteach chun tacú lena gcuid anailíse i dtaobh an bhfuil tionchar ag an mbeart nua ar chuspóirí comhshaoil agus a mhéid a imríonn sé sin.

— *Athrú ar bheart atá ann cheana:* D'fhéadfadh sé gur mhian leis na Ballstáit dearadh, nádúr nó raon feidhme birt atá ann cheana a athrú. Ba cheart do na Ballstáit an measúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh" comhfhreagrach a chur isteach, agus é á leasú de réir mar is gá chun na hathruithe sa bheart a léiriú. Ba cheart don Bhallstát an tagairt don roinn den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh roimhe seo a chur in iúl, Plean Téarnaimh agus Athléimneachta ina léirítear an measúnú tosaigh "gan dochar suntasach a dhéanamh"

3. ***Garspriocanna, spriocanna agus amlíne***

Agus a gcuid bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta á modhnú acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sraith chomhfhreagrach garspriocanna agus spriocanna ag gabháil le gach beart nua nó modhnaithe a fhaigheann tacaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Agus garspriocanna agus spriocanna nua á sainiú acu, nó nuair a bheidh aon mhodhnuithe ar na cinn atá ann cheana á moladh acu, ba cheart do na Ballstáit na prionsabail a leagtar amach i dtreoraíocht 2021 maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a leanúint, lena n-áirítear maidir lena sainiúlacht agus a stóinseacht.

Leanann an togra maidir le garspriocanna nó spriocanna nua nó modhnaithe go docht ó áireamh beart nua nó modhnaithe sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe.

Ós rud é go spreagtar na Ballstáit chun páirt a ghlacadh i dtionscadail trasteorann nó ilnaisiúnta a thacaíonn le cuspóirí REPowerEU, ba cheart cúram sonrach a ghlacadh chun dearadh fónta garspriocanna agus spriocanna gaolmhara a áirithiú. Ar thaobh amháin, ba cheart iad sin a roinnt go soiléir idir na Ballstáit éagsúla atá rannpháirteach i dtionscadail den sórt sin chun forluí agus moilleanna maidir le measúnú agus cur chun feidhme a sheachaint. Ba cheart go mbeadh cur i gcrích rathúil plean téarnaimh agus athléimneachta amháin neamhspleách ar phlean Ballstáit eile. Ar an taobh eile, ba cheart na garspriocanna agus na spriocanna a cheapadh ar bhealach dea-chomhordaithe, lena áirithiú go ndéanfar idirspleáchas dosheachanta idir na Ballstáit a mheasúnú i gceart agus amlínte stuama cur chun feidhme a leagan síos. Tá an Coimisiún réidh chun cúnamh a thabhairt do ghrúpaí Ballstát a bhfuil baint acu le tionscadail trasteorann nó ilnáisiúnta chun a áirithiú go ndéanfar a ngarspriocanna agus a spriocanna a dhearadh ar bhealach leordhóthanach.

D'fhéadfadh tréimhse cur chun feidhme roinnt infheistíochtaí náisiúnta lena saothraítear cuspóirí REPowerEU dul thar 2026. I gcásanna den sórt sin, ba cheart na garspriocanna agus na spriocanna gaolmhara a áirítear i gcaibidil REPowerEU a cheapadh ar bhealach nach n-áireofar iontu ach gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta laistigh de shaolré na Saoráide, agus ba cheart a shainaithint go soiléir i ndearadh na mbeart cé na céimeanna cur chun feidhme a dtacófar leo le cistí náisiúnta nó cistí eile ón Aontas tar éis 2026.

I gcás ina mbeartóidh Ballstát a Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a leasú bunaithe ar Airteagal 21, ní féidir athruithe a dhéanamh ar na garspriocanna ná ar na spriocanna atá ann cheana ach amháin a mhéid atá siad sin nasctha leis na himthosca oibiachtúla a cuireadh chun cinn chun údar a thabhairt leis an leasú. Mar a mhínítear faoi Chuid 1 den Treoraíocht seo, ba cheart go mbeadh nasc cúisíoch idir na himthosca oibiachtúla agus na hathruithe atá beartaithe.

Is féidir earráidí cléireachais atá sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a lua leis an gCoimisiún agus leis an gComhairle tráth ar bith le linn chur chun feidhme na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Cuirfear san áireamh iad sa togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh cur chun feidhme nua/leasaithe ón gComhairle nó i gceartúchán tiomnaithe.

## 4. *Financing and costs*

*Bearta nua:* Soláthróidh na Ballstáit costais mheasta iomlána na n-athchóirithe nua agus na n-infheistíochtaí nua arna gcur ar aghaidh in aguisín. Baineann an oibleagáid sin freisin le hathchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear i gcaibidlí REPowerEU.

*Bearta athbhreithnithe:* I gcás gach birt athbhreithnithe, i gcás ina ndéanfaidh na hathruithe difear do na meastacháin chostála, cuirfidh an Ballstát meastacháin chostála nuashonraithe ar fáil. Mura mbaineann an t-athrú ach le scála an bhirt, ba cheart an t-athbhreithniú ar na costais mheasta a dhéanamh ar bhonn comhréireach.

*Modheolaíocht:* Agus na meastacháin costais seo á n-ullmhú acu, ba cheart do na Ballstáit na treoracha sonracha a chuirtear ar fáil i dtreoraíocht 2021 maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a leanúint. De ghnáth, ní mheastar go gcuirfidh na Ballstáit meastacháin costais athbhreithnithe ar fáil le haghaidh beart nach bhfuil nua ná modhnaithe. Féadfaidh na Ballstáit bailíochtú a dhéanamh ar mheastacháin chostála arna ndéanamh ag comhlacht poiblí neamhspleách, a d'fhéadfadh cur le stóinseacht na meastachán a neartú.

## 5. *Complementarity and implementation of the RRPs*

### Comhsheasmhacht le tionscnaimh eile

I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beidh na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta uile, lena n-áirítear na haguisíní, comhsheasmhach leis na moltaí tírshonracha ábhartha chomh maith leis an bhfaisnéis a áirítear sna Cláir Náisiúnta um Athchóiriú, sna Pleananna Náisiúnta don Fhuinneamh agus don Aeráid (PNFAnna) agus sna nuashonruithe orthu faoi Rialachán (AE) 2018/1999, pleananna aistrithe córa críochacha dá bhforáiltear faoin Rialachán maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir, pleananna maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme, comhaontuithe comhpháirtíochta agus cláir oibríochtúla.

— Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na moltaí tírshonracha agus leis na Cláir Náisiúnta um Athchóiriú, féach an chuid den Treoir seo maidir leis an Seimeastar Eorpach.

— Ní mór do na haguisíní a bheith comhsheasmhach freisin leis na gníomhaíochtaí i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus a bheidh ceaptha sna pleananna idirthréimhseacha córa críochacha.

— Finally, the addenda will need to be consistent with the partnership agreements and operational programmes that will have been adopted under the 2021-2027 CPR since the adoption of the initial RRPs. Ós rud é go bhfuil a gcomhaontuithe comhpháirtíochta agus beagnach gach clár beartais comhtháthaithe glactha ag na Ballstáit uile, ba cheart do na Ballstáit a mhíniú conas atá bearta nua nó modhnaithe de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta comhlántach le cur chun feidhme na gclár faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027 ([15]).

**Comhlántacht cistithe agus cistiú dúbailte a sheachaint**

Ba cheart do na Ballstáit a shonrú ina bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe an bhfuil athrú tagtha ar na módúlachtaí a cuireadh ar bun chun comhlántacht cistiúcháin agus comhlíonadh Airteagal 9 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. I ndáil leis sin, tá treoraíocht 2021 maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta infheidhme go hiomlán.

**Cur chun feidhme**

Rinneadh measúnú ar an gcreat cur chun feidhme mar chuid de na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta tosaigh agus glactar leis go leanfaidh na Ballstáit de bheith ag brath ar na socruithe céanna chun a bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a chur chun feidhme. Ba cheart, áfach, aon athruithe atá beartaithe ar an gcreat cur chun feidhme a mhíniú.

Sa chás go raibh deacrachtaí ag na Ballstáit i gcur chun feidhme a gcuid Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta go dtí seo (mar shampla, deacrachtaí a bhaineann le heaspa cumais riaracháin, córas TF neamhfhorbartha nó sainordú nach bhfuil soiléir go leor do na húdaráis atá i gceannas), spreagtar iad chun na socruithe atá acu faoi láthair a athmhachnamh go réamhghníomhach chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla. Iarrtar ar na Ballstáit freisin plé a dhéanamh leis an gCoimisiún ar an taithí a fuarthas go dtí seo chun a chinneadh an bhféadfadh aon athruithe ar an gcreat cur chun feidhme cuidiú le feabhas a chur ar sheachadadh na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí.

I gcás ina modhnaíonn Ballstát a Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta chun tairbhe a bhaint as ranníocaíocht airgeadais níos mó nó as iasacht, ba cheart dó a léiriú go bhfuil cumas riaracháin leordhóthanach agus an sainordú iomchuí ag na húdaráis atá i gceannas ar an bplean a chomhordú agus a chur chun feidhme. Ar bhonn níos ginearálta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh acmhainneacht riaracháin leordhóthanach acu chun infheistíochtaí Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme agus, dá réir sin, go mbeadh an deis acu costais riaracháin theoranta de chineál sealadach a chur san áireamh i gcostáil a n-infheistíochtaí nó a n-athchóirithe faoi seach fad is a bhaineann na costais sin le cur chun feidhme na hinfheistíochta sonraí nó an athchóirithe shonraigh sin.

Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint freisin as an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) chun infheistíochtaí agus athchóirithe a chur chun feidhme i gcaibidil REPowerEU, mar a mhínítear i dtreoraíocht 2021 maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Iarrtar ar na Ballstáit a chur in iúl gur mian leo Airteagal 7(2) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid mar chuid den athchóiriú sonrach nó den infheistíocht shonrach lena mbainfeadh an tacaíocht theicniúil. I gcás inar iarr an Ballstát tacaíocht chothrománach faoin ionstraim tacaíochta teicniúla maidir le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, nó i gcás ina bhfuil sé i gceist ag an mBallstát an tacaíocht sin a iarraidh, e.g. maidir le bearta cumarsáide, iarrtar air an méid sin a chur in iúl sa roinn seo.

**An próiseas comhairliúcháin**

Ba cheart do na Ballstáit achoimre a sholáthar ar an bpróiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, as a dtiocfaidh tíolacadh an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta/aguisín modhnaithe. Ba cheart go mbeadh an próiseas comhairliúcháin i gcomhréir le méid na n-athruithe a thugtar isteach sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar shampla, ní bheadh an cineál céanna próisis chomhairliúcháin ag teastáil chun leithdháileadh airgeadais a bhfuil leasú beag déanta air a léiriú agus a bhíonn i gceist le modhnuithe lena n-iarrtar suim shuntasach iasachta. Ós rud é go raibh méid éagsúlachtaí idir na comhairliúcháin agus na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta tosaigh á n-ullmhú, i bhfianaise na héigeandála COVID-19 go háirithe, moltar i gcoitinne do na Ballstáit an próiseas sin a fheabhsú má mhodhnaíonn siad a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh baint ag páirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus, i gcás inarb ábhartha, páirtithe leasmhara ón earnáil talmhaíochta, le dearadh, cur chun feidhme agus faireachán aon bhearta nua nó leasaithe, i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, ar bhealach tráthúil fóinteach.

Chun bearta ábhartha a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé gurb iomchuí do na Ballstáit coinníollacha atá nasctha le cúinsí réigiúnacha nó áitiúla a chur san áireamh i ngarspriocanna nó i spriocanna a bhfuil gné gheografach ag baint leo (mar shampla trí choinníollacha sonracha a chur leis a bhaineann le comhairliúchán le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha). Féadfaidh coinníollacha comhchosúla a bheith ar áireamh iontu freisin maidir le dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, le páirtithe leasmhara ón earnáil talmhaíochta, ar coinníollacha iad a bhaineann le hathchóirithe nó infheistíochtaí ábhartha a chur chun feidhme.

([15]) Féach Cuid 1 maidir leis na rialacha mionsonraithe a bhaineann le haistrithe idir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí an bheartais chomhtháthaithe a iarraidh.

Ina theannta sin, beidh an Seimeastar Eorpach ina chreat tábhachtach chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme le páirtithe leasmhara, i gcomhréir le cleachtais agus traidisiúin gach Ballstáit. Ina theannta sin, is féidir leis na Ballstáit a gCláir Náisiúnta um Athchóiriú a úsáid freisin chun cur síos a dhéanamh ar na comhairliúcháin a rinneadh go dtí seo agus chun na comhairliúcháin atá beartaithe don todhchaí a leagan amach. Ní éireoidh le cur chun feidhme na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta ach amháin le húinéireacht láidir réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le tacaíocht ó na comhpháirtithe sóisialta agus ón tsochaí shibhialta.

Beidh feidhm ag na gnáthcheanglais chomhairliúcháin, lena n-áirítear an gá atá le hachoimre a sholáthar ina ndéantar cur síos ar an gcaoi ar léiríodh ionchur na bpáirtithe leasmhara, chun caibidil REPowerEU a ullmhú. Ba cheart do na Ballstáit a leagan amach ina n-achoimrí conas a léiríodh toradh an chomhairliúcháin ina gcaibidlí REPowerEU. Ba cheart cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear a phríomhthréithe, a chineálacha páirtithe leasmhara, agus an príomhionchur a fuarthas. Ba cheart cur síos a dhéanamh ansin ar an gcaoi ar cuireadh an t-aiseolas a fuarthas san áireamh le dearadh bhearta REPowerEU, agus ba cheart léiriú a thabhairt ar an gcaoi a leanfar dá chur san áireamh le linn an chur chun feidhme.

Beidh sé tábhachtach go mbeadh for-rochtain leathan comhairliúcháin ann, lena n-áirítear na páirtithe leasmhara sin go háirithe a bhfuil an saineolas ábhartha acu maidir le cúrsaí REPowerEU. Ba cheart fad an phróisis chomhairliúcháin a bheith i gcomhréir leis an bpráinn a bhaineann le caibidlí REPowerEU a chur isteach.

Ní gá aon chomhairliúchán poiblí breise a dhéanamh i gcásanna ina bhfanann bearta uas-scálaithe na mBallstát agus substaint na mbeart mar an gcéanna, nó nuair a bhogann siad bearta atá ann cheana go dtí caibidil REPowerEU mar gheall ar a ranníocaíocht uasta airgeadais laghdaithe.

**Rialú agus iniúchóireacht**

Tá córais rialaithe inmheánaigh riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíontar go hiomlán Airteagal 22 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Sa chomhthéacs sin agus i bhfianaise na n-athruithe a eascraíonn as athbhreithniú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, tá sé riachtanach go dtabharfadh na Ballstáit údar beacht leis an gcaoi a bhfuil na struchtúir rialaithe a chuirtear ar bun fós iomchuí agus, i gcás inarb infheidhme, conas a dhéanfar iad a atreisiú chun acmhainní agus struchtúir iomchuí a áirithiú. Tá príomhcheanglais chórais rialaithe an Bhallstáit san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú Maoinithe agus Iasachta arna shíniú idir an Coimisiún agus an Ballstát. Go háirithe, i gcás ina mbeidh bearta nua nó athbhreithnithe sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe, ba cheart don Bhallstát a mhíniú agus a léiriú go bhfuil na struchtúir rialaithe fós leordhóthanach nó, i gcás inarb ábhartha, conas a dhéanfar a n-acmhainneacht, lena n-áirítear soláthar foirne agus próisis, a fheabhsú i gcomhréir leis an méadú ar mhéid an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta.

Nuair nach ndéantar méadú suntasach ar an ranníocaíocht airgeadais leis an aguisín ach go ndéantar athruithe fós ann i gcomparáid leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta tosaigh, iarrtar ar na Ballstáit míniú nuashonraithe a thabhairt ar na socruithe agus ar na córais rialaithe, lena n-áirítear an stórchóras maidir le sonraí faighteoirí deiridh.

**Cumarsáid**

Ba cheart do na Ballstáit leanúint dá straitéis cumarsáide a chur chun feidhme, í a thabhairt cothrom le dáta más gá na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua-tugtha a chur san áireamh, d'fhonn feasacht an phobail ar chistiú an Aontais a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 34 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le hAirteagal 10 de na Comhaontuithe Maoinithe. Agus Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe á gcur isteach, iarrtar ar na Ballstáit cur síos a dhéanamh ar na bearta atá déanta acu chun na hoibleagáidí sin a chur chun feidhme, chun faireachán an Choimisiúin ar chomhlíonadh na bhforálacha atá luaite a éascú.

Ba cheart go ndíreodh feachtais chumarsáide ar fheasacht a mhúscailt maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí lárnacha mar chuid d'fhreagairt Eorpach, go háirithe i gcomhthéacs REPowerEU; Agus feabhas a chur ar an eolas ar Phleananna Téarnaimh agus Athléimneachta agus ar a gcuspóir don phobal i gcoitinne. Moltar do na Ballstáit a ngníomhaíochtaí cumarsáide maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a dhíriú ar na réimsí seo a leanas:

— Spriocanna a Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus na buntáistí a bhaineann leis don Bhallstát a mhíniú agus a mheabhrú.

— Léirigh le fianaise phraiticiúil an fáth a dtéann athchóirithe agus infheistíochtaí chun tairbhe don tsochaí, do théarnamh na hEorpa, don aistriú glas agus digiteach, agus don tslándáil fuinnimh.

— A áirithiú go mbeidh formhuiniú polaitiúil ardleibhéil an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta le feiceáil go leordhóthanach.

— Cumarsáid a dhéanamh faoi thionscadail sainchomharthaí agus réadú na dtionscadal sin a shannadh don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

— Tairbhithe féideartha a spreagadh chun cur isteach ar chistiú faoi chuimsiú an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta.

— An dul chun cinn foriomlán a léiriú maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí araon, go háirithe i gcomhthéacs REPowerEU, lena n-áirítear an dul chun cinn i malartuithe rialta leis na comhpháirtithe sóisialta, leis na pobail lena mbaineann agus leis an tsochaí shibhialta i gcoitinne.

Tá an Coimisiún ar fáil freisin trí líonra an Aontais a chur ar an eolas chun cabhrú leis na Ballstáit a gcuid straitéisí cumarsáide náisiúnta a chur chun feidhme, lena n-áirítear dá bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe.

**Trédhearcacht maidir le faighteoirí deiridh**

Méadaíodh an trédhearcacht maidir le húsáid cistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta trí oibleagáid trédhearcachta nua a chur san áireamh i Rialachán REPowerAE. Beidh ar na Ballstáit tairseach atá ar fáil go poiblí agus atá éasca le húsáid a chur ar bun ina bhfoilseoidh siad sonraí maidir leis an 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an méid is airde cistithe chun bearta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme.

Ba cheart a thuiscint gurb é is faighteoir deiridh ann an t-eintiteas deireanach a fhaigheann cistí nach conraitheoir ná fochonraitheoir é. An chúis leis sin ná an faighteoir deiridh a idirdhealú ó na tairbhithe, arb iadsan na Ballstáit iad faoi leagan amach bhainistíocht dhíreach na Saoráide.

Ba cheart a áireamh sna sonraí sin ainm dlíthiúil an fhaighteora deiridh, lena n-áirítear an chéad ainm agus an sloinne más duine nádúrtha é an faighteoir deiridh, méid na gcistí a fuarthas mar aon leis an mbeart gaolmhar nó na bearta gaolmhara faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhfuarthas an cistiú ina leith. Chun an 100 faighteoir is mó a chinneadh, níor cheart ach cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur san áireamh toisc go bhféadfaí roinnt infheistíochtaí a mhaoiniú i bpáirt trí mhaoiniú poiblí eile.

Chun comhréireacht a áirithiú agus príobháideachas a urramú, i gcás inar daoine nádúrtha iad na faighteoirí deiridh, ba cheart aon sonraí pearsanta a scriosadh dhá bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh cistiú deiridh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta leis an bhfaighteoir deiridh sin. Ar an gcaoi chéanna, de réir analaí, tá roinnt eisceachtaí ó fhoilsiú sonraí, dá bhforáiltear in Airteagal 38(3) den Rialachán Airgeadais, infheidhme maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Baineann siad sin leis na cásanna seo a leanas:

— tacaíochtaí oideachais a íoctar le daoine nádúrtha agus aon tacaíocht dhíreach eile a íoctar leis na daoine nádúrtha is mó atá i ngátar amhail daoine dífhostaithe agus dídeanaithe (Airteagal 191(4)(b) Rialachán Airgeadais).

— conarthaí ar luach an-íseal arna ndámhachtain do shaineolaithe a roghnaítear ar bhonn a n-acmhainneachta gairmiúla (Airteagal 237(2) den Rialachán Airgeadais) chomh maith le conarthaí ar luach an-íseal faoi bhun EUR 15 000 (an méid dá dtagraítear i bpointe 14.4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais).

— tacaíocht airgeadais a sholáthraítear trí ionstraimí airgeadais, i gcás méid níos lú ná EUR 500 000

— i gcás inar baol nochtadh na faisnéise sin do chearta agus saoirsí na ndaoine nó na n-eintiteas lena mbaineann, mar a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nó i gcás ina ndéanann sé dochar do leasa tráchtála na bhfaighteoirí;

I bhfianaise na méideanna atá i gceist faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ní dócha go mbeadh feidhm ag na heisceachtaí a leagtar amach sa chéad trí mhír maidir leis an 100 faighteoir is mó. Ní mheastar ach oiread go mbeidh feidhm fhorleathan ag an gceathrú eisceacht. Ós rud é nach mbaineann foilsiú sonraí ach le faighteoirí mórscála, a bhfuiltear ag súil go mbeidh a bhformhór ina n-eintitis dhlíthiúla, ba cheart aon ábhar imní príobháideachais maidir le daoine nádúrtha a mheas i bhfianaise an ghá atá le trédhearcacht maidir le caiteachas chistí AE. Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go léireofar leis an tagairt d'Airteagal 38(3) den Rialachán Airgeadais aon leasú a dhéanfar amach anseo ar an bhforáil sin.

Chomh maith leis na sonraí sin atá á bhfoilsiú ar thairseacha na mBallstát, déanfaidh an Coimisiún na sonraí sin a lárú mar aon leis na naisc chuig tairseacha na mBallstát ar an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta. Ní mór na sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta faoi dhó sa bhliain, agus féachfaidh an Coimisiún le huainiú na nuashonruithe a ailíniú leis an tuairisciú débhliantúil atá ann cheana i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair. Déanfar an chéad chleachtadh bailithe faisnéise i gcomhthráth le tuairisciú débhliantúil mhí Aibreáin 2023. Ina theannta sin, foilseoidh an Coimisiún léarscáil idirghníomhach ar a mbeidh na bearta éagsúla agus an áit a bhfuil siad lonnaithe sna Ballstáit.

*IARSCRÍBHINN I*

**IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS**

Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcineál ionstraime airgeadais, lena leagan amach agus maidir le roghnú na n-eintiteas cur chun feidhme/na n-eintiteas ar cuireadh cúram orthu agus moltar dóibh an modh seachadta is fearr le haghaidh úsáid bheartaithe na n-ionstraimí airgeadais a phlé le seirbhísí an Choimisiúin, agus cuspóirí na mbeart, na struchtúir atá ann cheana agus na naisc le hobair na gcomhpháirtithe á gcur san áireamh.

I dtéarmaí ginearálta, tá dhá rogha ag na Ballstáit ionstraimí airgeadais a úsáid, trí airgead a aistriú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go hurrann an Bhallstáit InvestEU nó trí struchtúir eile a úsáid, mar shampla struchtúir náisiúnta. Tugtar tuairisc ar na coinníollacha a ghabhann leis an dá rogha sa Treoraíocht maidir le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta ó mhí Eanáir 2021 agus déantar iad a mhionsaothrú tuilleadh thíos.

Beidh síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir Ballstát agus an Coimisiún ag teastáil don ranníocaíocht le hurrann an Bhallstáit faoi InvestEU. Is é an Coimisiún a chuireann ráthaíocht InvestEU chun feidhme trí chomhpháirtithe cur chun feidhme roghnaithe.

**Maidir le hionstraimí airgeadais náisiúnta, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir na céimeanna seo a leanas:**

**An chéad chéim: an beart a ullmhú:** A áirithiú go rannchuideoidh na hionstraimí airgeadais le cuspóirí an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, is é sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

— Cur síos a dhéanamh ar an mbeartas infheistíochta a bhfuil tacaíocht le tabhairt dó (e.g. éifeachtúlacht fuinnimh, leathanbhanda, digitiú FBManna), lena gcinntear conas a úsáidfear cistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta san ionstraim airgeadais agus an chaoi a bhfuil sé sin i gcomhréir le raon feidhme agus critéir mheasúnaithe na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear tuairisc ar an gcliseadh margaidh bunúsach a fhágann gur gá cistí poiblí a úsáid le haghaidh infheistíochtaí príobháideacha.

— An ionstraim airgeadais a shainiú (agus an beartas maidir le riosca/cur ar ais idir na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus foinsí eile cistí laistigh den ionstraim airgeadais a shainiú go háirithe) agus conas a rannchuideoidh sé le cuspóirí an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a bhaint amach.

— Ag soláthar féinmheasúnú “gan dochar suntasach a dhéanamh” mionsonraithe agus na cosaintí is gá chun a chinntiú go gcomhlíonfar an prionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh” le linn chur chun feidhme an bhirt.

— Na forálacha ábhartha maidir le státchabhair agus cur i bhfeidhm féideartha Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine agus na gcritéar gaolmhar atá le comhlíonadh ag na táirgí maoinithe a shainaithint.

— Garspriocanna soiléire a shainiú (nasctha le bunú agus cur chun feidhme na hionstraime) agus spriocanna (nasctha le haschur/torthaí na dtionscadal bunúsach arna maoiniú ag an ionstraim).

— Sainiú a dhéanamh ar an gcineál tacaíochta atá le húsáid (e.g. iasachtaí, ráthaíochtaí, cothromas), na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu (e.g. FBManna, corparáidí móra, PPPanna) agus infheistíochtaí (e.g. nuálaíocht, leathanbhanda, bonneagar) chun na sócmhainní in-infheistithe a chinneadh.

— Lena leagtar amach an tráthchlár d’úsáid na hionstraime airgeadais (lena mbunaítear ionstraim airgeadais is féidir suas le dhá bhliain a thógáil ar an meán), lena n-áirítear infheistíochtaí san fhíorgheilleagar agus tionchar gaolmhar.

— Cur síos a dhéanamh ar an gcóras faireacháin chun tuairisciú a dhéanamh ar spriocanna agus ar gharspriocanna i gcomhréir leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta.

**An dara céim: Comhaontú cur chun feidhme leis an eintiteas ar cuireadh cúram air, an t-eintiteas sin atá i bhfeighil na hionstraime airgeadais**

— Chun an ionstraim airgeadais a chur chun feidhme, ní mór comhaontú leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme/an t-eintiteas ar cuireadh cúram air (i gcás cistí, bheadh sé sin ina bhainisteoir ciste thar ceann na gcomhpháirtithe) a thabhairt chun críche agus na hoibleagáidí ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta á n-aistriú. Ba cheart go n-aistreofaí leis an gcreat-chomhaontú idir an Ballstát agus na heintitis cur chun feidhme/na heintitis ar cuireadh cúram orthu na hoibleagáidí uile faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoi chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta an Bhallstáit – agus aird ar leith á tabhairt ar na hoibleagáidí atá ar na tairbhithe maidir le Státchabhair, an prionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh”, agus iniúchóireacht agus rialú, na srianta a d’fhéadfadh a bheith ar na tairbhithe.

— Ní mór na rialacha ábhartha maidir le státchabhair agus soláthar poiblí a urramú.

— Is féidir ceann de na chéad gharspriocanna sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a nascadh le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe cur chun feidhme lena mbunaítear an ionstraim airgeadais nó lena gcoigeartaítear ionstraim atá ann cheana (i gcomhréir leis an mbeartas infheistíochta arna chomhaontú sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta) idir an Ballstát agus an t-eintiteas a gcuirfear cúram air.

— Mar chuid den chéad chloch mhíle sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, agus an chéad iarraidh ar eisíoc á cur isteach aige, cuirfidh an Ballstát rialacha agus beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ar fáil don Choimisiún ionas gur féidir a fhíorú go gcomhlíonann sé an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta.

**Infheistíochtaí a imlonnú san fhíorgheilleagar ag an eintiteas ar cuireadh cúram air nó ag idirghabhálaithe airgeadais (e.g. bainc thráchtála, cistí infheistíochta):**

— Beidh na garspriocanna uile ina dhiaidh sin nasctha le himscaradh infheistíochtaí chuig an bhfíorgheilleagar ag an eintiteas a gcuirfear cúram air nó ag na hidirghabhálaithe airgeadais.

— Nuair a bheidh an ionstraim airgeadais curtha i gcrích, fillfidh forálacha agus athshreabha nár ídíodh i gcomhair caillteanas ar an mBallstát i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa bheartas infheistíochta agus i straitéis scoir na hionstraime. Freastalóidh oibleagáid ar an bhfíric gur cheart fáltais agus athshreabhadh a úsáid chun críocha coibhéiseacha.

*IARSCRÍBHINN II*

**TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH DEARBHÚ INTINNE MAIDIR LE hIASACHTAÍ FAOIN tSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA**

Chuig: Príomhchaibidleoirí in SG RECOVER agus AS ECFIN

Cc: EC-RECOVER@ec.europa.eu

Ábhar: Iasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – fógra maidir le spéis

A chara,

Déanaimid tagairt do Rialachán (AE) 2021/241, go háirithe Airteagal 14(6), ina luaitear nach mór do na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún Eorpach laistigh de 30 lá tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe acu tacaíocht iasachta a iarraidh ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Dá bhrí sin, agus gan dochar don chumas tacaíocht iasachta a iarraidh go dtí an 31 Lúnasa 2023, is mian linn an spéis seo a leanas a chur in iúl:

[Roghnaigh an ceann a bhfuil feidhm aige]

Níl sé i gceist againn tacaíocht iasachta a iarraidh ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag an bpointe seo.

Tá sé i gceist againn tacaíocht iasachta EUR XXX a iarraidh ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta [is féidir raon méideanna a bheith i gceist] agus tá sé i gceist againn an tacaíocht iasachta sin a úsáid don liosta seo a leanas d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe:

— Liosta na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe

Dearbhaímid go bhfuil an fhaisnéis atá leagtha síos san fhógra leasa seo chomh cruinn agus is féidir agus go gcuirtear ar fáil í de réir mar is fearr is eol dúinn.

*IARSCRÍBHINN III*

**TEIMPLÉAD DON DEARBHÚ INTINNE MAIDIR LE hAISTRITHE ÓN gCÚLCHISTE COIGEARTAITHE BREXIT**

Chuig: Príomhchaibidleoirí in SG.RECOVER agus AS ECFIN

Cc: EC-RECOVER@ec.europa.eu

Ábhar: Cúlchiste Coigeartaithe Brexit – fógra maidir le hiarraidh ar aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

A chara,

I gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755, lena gceadaítear do na Ballstáit iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun méideanna iomlána nó cuid dá leithdháileadh sealadach faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, is mian linn a iarraidh go n-aistreofaí EUR XXX ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chun infheistíochtaí agus athchóirithe chaibidil REPowerEU a mhaoiniú, i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach san Fhógra ón gCoimisiún "Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU".

Is é an réasúnú atá mar bhonn taca le haistriú den sórt sin go saothraíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Cúlchiste Coigeartaithe Brexit araon sprioc chomhchoiteann comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, mar a leagtar amach go soiléir ina mbunús dlí comhroinnte in Airteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Na bearta atá i gcaibidil REPowerEU, trí iarmhairtí shuaitheadh an mhargaidh fuinnimh dhomhanda a mhaolú arb iad na himeachtaí geopholaitiúla le déanaí is cúis leo, cuideoidh siad le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo aidhm fhoriomlán an chomhtháthaithe, a raibh sé mar aidhm le Cúlchiste Coigeartaithe Brexit a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas i mBallstáit, lena n-áirítear go háirithe a réigiúin agus a bpobail áitiúla. Is é atá sa chuspóir coiteann sin, i gcomhréir le forálacha dlíthiúla Rialacháin 2021/1755, an réasúnaíocht lena dtugtar údar maith le hiarraidh den sórt sin ar aistriú idir an dá ionstraim.

[Ós rud é go bhfuil méid an aistrithe a iarradh níos airde ná an chuid den leithdháileadh sealadach faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit nach bhfuil íoctha go fóill, tuigimid nach mór don Choimisiún an difríocht a aisghabháil. Is mian linn [an tsuim atá le haisghabháil a aisíoc le cuntas an Choimisiúin Eorpaigh mar a chuirfidh an Coimisiún Eorpach in iúl sa nóta dochair] / [an Coimisiún Eorpach le dul ar aghaidh le fritháireamh na suime sin trí aon íocaíocht a laghdú [faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta] tar éis dó an [*údarás freagrach sa Bhallstát*] a chur ar an eolas].

*IARSCRÍBHINN IV*

**Teimpléad le haghaidh na mBallstát**

**AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN bPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA**

## Clár Ábhar

CUID 1: RÉAMHRÁ LEIS AN AGUISÍN .... 40
1. An cuspóir ginearálta .... 40
2. Údar cuí leis an aguisín .... 40
CUID 2: TUAIRISC AR ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ BREISE AGUS MODHNAITHE .... 40
1. Comhpháirteanna úrnua: .... 41
2. Caibidil REPowerEU: .... 41
3. Comhpháirteanna modhnaithe: .... 41
CUID 3: COMHLÁNTACHT AGUS CUR CHUN FEIDHME AN PHLEAN .... 42
1. Comhsheasmhacht le tionscnaimh eile .... 42
2. Comhlántacht an chistithe .... 42
3. Cur chun feidhme éifeachtach .... 42
4. Próiseas comhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara .... 43
5. Rialú agus iniúchóireacht .... 43
6. Cumarsáid .... 43
CUID 4: COMHLEANÚNACHAS AGUS TIONCHAR FORIOMLÁNAN PHLEAN .... 43
1. Comhleanúnachas: .... 43
2. Comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách: .... 43
3. Athléimneacht eacnamaíoch, athléimneacht shóisialta agus athléimneacht institiúideach a neartú: .... 43
4. Comparáid leis an mbonnlíne infheistíochta: .... 43

SÉANADH

Ba cheart do na Ballstáit an teimpléad seo a úsáid chun na haguisíní a ghabhann lena bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a dhréachtú. Iarrtar ar na Ballstáit gan faisnéis a sholáthar ach amháin faisnéis atá ábhartha maidir leis na hathruithe atá beartaithe i gcomparáid lena bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh. Ní fhéadtar an teimpléad a léamh ar leithligh ón treoraíocht nuashonraithe maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU. Leis an doiciméad seo, ní thugtar ach teimpléad maidir le conas an fhaisnéis a chur i láthair san aguisín agus tugtar na tásca riachtanacha sna treoirdhoiciméid maidir le conas gach roinn a líonadh. Mar a fhoráiltear sa treoirdhoiciméad, moltar do na Ballstáit a bplean a mhodhnú ar bhonn leagan comhdhlúite dá bplean tosaigh, lenar cheart na hathruithe a tugadh isteach le linn chéim an mheasúnaithe a léiriú agus a bheith go hiomlán comhsheasmhach leis na cinntí cur chun feidhme ábhartha ón gComhairle. Mar sin, le húsáid an teimpléid seo le haghaidh an aguisín, tugtar le tuiscint go ndearna na Ballstáit a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a ailíniú leis an gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle.

Iarrtar ar na Ballstáit teagmháil a dhéanamh le Seirbhísí an Choimisiúin má tá aon cheist eile acu

## CUID 1

## RÉAMHRÁ LEIS AN AGUISÍN

### 1. An cuspóir ginearálta

*Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt sa roinn seo ar athruithe suntasacha sna príomhdhúshláin atá rompu ó cuireadh isteach a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta tosaigh. Ba cheart dóibh, go háirithe, a mhíniú go gairid conas a leanann an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe de bheith ina fhreagairt atá cuimsitheach agus cothromaithe go leordhóthanach ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta agus conas a rannchuidítear go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún. Ba cheart a léiriú freisin conas a mhéadaítear, leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe, athléimneacht, slándáil agus inbhuanaitheacht chóras fuinnimh an Aontais tríd an laghdú is gá a dhéanamh ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus trí sholáthair fuinnimh a éagsúlú ar leibhéal an Aontais.*

*Ba cheart do na Ballstáit a mhíniú sa roinn seo freisin conas a chuirtear san áireamh sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha.*

### 2. Údar cuí leis an aguisín

*Ba cheart do na Ballstáit an bunús dlí nó na bunúis dlí atá leis na hathruithe atá beartaithe ar a bplean, agus an údar cuí sonrach leis an mbunús dlí ábhartha nó na bunúis dlí ábhartha a agairt mar a cheanglaítear leis an airteagal comhfhreagrach nó na hairteagail chomhfhreagracha den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta* ([1])*. Ba cheart an bunús dlí nó na bunúis dlí agus an t-údar cuí a thabhairt ón liosta thíos, i gcás gach birt bhreise, mhodhnaithe nó bhainte. Féadtar an t-údar cuí a bhunú ar níos mó ná ceann amháin de na bunúis dlí thíos.*

*I gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún chun an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a leasú, is féidir leis na Ballstáit athruithe ar Phleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh roimhe sin a mholadh chun na gcríoch seo a leanas:*

— *Airteagail [21a agus 21b] a bhaineann le caibidil REPowerEU* ([2])*: Le haghaidh chaibidil REPowerEU, féach ar an teimpléad tiomnaithe,*

— *Airteagal [14(2)]: athbhreithniú ar an bplean a ghabhann le hiarraidh nua nó bhreise ar iasacht,*

— *Airteagal [7]: athbhreithniú ar an bplean a ghabhann le haistriú nua nó breise de 5 % d'acmhainní ó chláir faoi bhainistíocht chomhroinnte*

— *Airteagal [18(2)]: an plean a thabhairt cothrom le dáta chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh tar éis an ríofa dá dtagraítear in Airteagal 11(2).*

— *Airteagal [21]: leasú nó plean nua a chur isteach i ngeall ar an bplean, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna ábhartha, nach féidir a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla.*

## CUID 2

## TUAIRISC AR ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ BREISE AGUS MODHNAITHE

*Sa roinn seo, cumhdaítear athruithe ar chomhpháirteanna a chuirtear isteach nó a mhodhnaítear i gcomparáid leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta is bonn leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle atá i bhfeidhm faoi láthair. Laistigh de na comhpháirteanna sin, ní gá aghaidh a thabhairt ach ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a chuirtear isteach, a bhaintear nó a mhodhnaítear. Na comhpháirteanna uile den phlean tosaigh nach n-áirítear sa roinn seo, tuigtear go bhfuil siad gan athrú.*

([1]) Rialachán (AE) 2021/241 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?uri=CELEX:32021R0241

([2]) Bunaithe ar an togra ón gCoimisiún (COM(2022) 231 final)

1. **Comhpháirteanna úrnua:** *I gcás gach comhpháirt úrnua, lean an struchtúr a leagtar amach i gCuid 2 den teimpléad a chuir an Coimisiún ar fáil i mí Eanáir 2021* ([3]) *agus Treoraíocht ón gCoimisiún maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta á cur san áireamh i gcomhthéacs REPowerEU*

2. **Caibidil REPowerEU:** *Le haghaidh chaibidil REPowerEU, féach ar an teimpléad tiomnaithe agus cuir isteach anseo é nuair a bheidh sé comhlánaithe.*

3. **Comhpháirteanna modhnaithe**: *I gcás gach comhpháirt mhodhnaithe, ná tabhair faisnéis maidir leis na foranna den teimpléad thuasluaite ach amháin i gcás ina ndéantar faisnéis a mhodhnú, a bhaint nó a chur isteach i gcomparáid leis an bplean arna fhormheas ag an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle. Seachas sin, tuigtear go bhfuil na foranna eile go léir gan athrú. Cuir isteach freisin tagairt FENIX le haghaidh gach comhpháirt mhodhnaithe a liostaítear san aguisín seo. Léirigh go soiléir más tuairisc mhodhnaithe atá sa tuairisc ar an gcomhpháirt.*

*Tábla 1*

**Iarrtar ar na Ballstáit an tábla achomair thíos a líonadh isteach le haghaidh gach comhpháirt mhodhnaithe**

| **Ainm na comhpháirte modhnaithe** | |
|---|---|
| **Tagairt Chinnidh Cur Chun Feidhme na hinfheistíochta/an athchóirithe** | |
| **Ainm na hinfheistíochta/an athchóirithe** | |
| **Cineál athraithe i gcomparáid leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme** | [Curtha isteach/bainte/modhnaithe] |
| **Bunús dlí an athraithe (roghnaigh ceann amháin ar a laghad)** | ☐ Airteagal 14(2) – iarraidh ar iasacht<br>☐ Airteagal 18(2) – nuashonrú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais<br>☐ Airteagal 21 – leasú mar gheall ar imthosca oibiachtúla<br>☐ Airteagal 21a – tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha REPowerEU (ioncam CTA)<br>☐ Airteagal 21b(2) – aistrithe CCB<br>☐ Ceann ar bith dá bhfuil thua, ceartú ar earráid chléireachais |
| **Na gnéithe a modhnaíodh (le haghaidh bearta modhnaithe amháin)** | ☐ Tuairisc ar an gComhpháirt / ar an mBeart<br>☐ Garspriocanna agus spriocanna<br>☐ Costas measta<br>☐ Clibeáil ghlas agus dhigiteach (rud a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, toisc go bhfuil athrú substainteach ar an mbeart bunúsach)<br>☐ Féinmheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh" |

**Na hathruithe atá beartaithe:**

*I gcás gach athchóiriú agus infheistíocht nua, lean na treoracha i dteimpléad tosaigh an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta ó mhí Eanáir 2021.*

*I gcás gach athchóiriú agus infheistíocht a baineadh, tabhair údar maith dóibh le nasc díreach le bunús dlí an athraithe. chomh maith le mínithe ar an gcaoi a gcoinneofar tionchar agus comhleanúnachas foriomlán na comhpháirte ar bun.*

*I gcás gach athchóiriú agus infheistíocht a modhnaíodh, léirigh iad sin trí Thábla 2 thíos a líonadh isteach:*

— *tuairisc ar an athrú nó na hathruithe ar an mbeart, agus an t-údar cuí atá leo, go háirithe maidir lena chineál, a cuspóir, a mhéid, agus a mhodúlachtaí cur chur feidhme, chomh maith leis an tionchar a mheastar a bheidh ag an athrú nó na hathruithe ar raon feidhme, spriocghrúpa, amlíne agus príomhspriocanna insoláthartha an bhirt.*

— *Leagan leasaithe de thuairiscí ar an gcomhpháirt (más infheidhme) agus ar an mbeart i gcomparáid leis na tuairiscí a sholáthraítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.*

— *An t-athrú nó na hathruithe atá beartaithe ar na garspriocanna agus/nó ar na spriocanna agus a n-údar cuí, i gcomparáid leis an bhfaisnéis a sholáthraítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.*

([3]) Treoraíocht do na Ballstáit maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta Cuid 2/2 SWD (2021) 12 final, an Bhruiséil 22.1.2021 https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/document_travail_service_part2_v3_en.pdf

— *Na hathruithe atá beartaithe ar an gcostas measta, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraítear i dteimpléad an Choimisiúin ó mhí Eanáir 2021* ([4]). *Le haghaidh bearta athbhreithnithe i gcás nach mbaineann na hathruithe ach le scála an bhirt, ba cheart an t-athbhreithniú ar na costais mheasta a dhéanamh ar bhonn comhréireach.*

— *Na hathruithe atá beartaithe ar an gclibeáil ghlas agus/nó dhigiteach i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraítear sa treoraíocht ón gCoimisiún ó mhí Eanáir 2021* ([5]).

— *Na hathruithe atá beartaithe ar an bhféinmheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh" i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraítear san fhógra ón gCoimisiún ó mhí Feabhra 2023, agus lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, meastachán cainníochtúil ar thionchar na mbeart ar an gcomhshaol* ([6]).

*I gcás aon athrú atá beartaithe ar gharspriocanna agus/nó ar spriocanna, ar a gcostais mheasta agus ar an gclibeáil ghlas agus/nó dhigiteach, ba cheart do na Ballstáit na táblaí Excel a sholáthraítear leis an teimpléad.*

*Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt freisin ar na gnéithe seo a leanas i dTábla 2 a mhéid a ndéantar difear dóibh leis na hathruithe ar an mbeart:*

— *Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta*

— *Státchabhair*

— *Neamhspleáchas straitéiseach oscailte*

*Tábla 2*

**Iarrtar ar na Ballstáit an tábla seo a úsáid chun struchtúr a chur ar an tuairisc ar bhearta modhnaithe sa roinn seo de réir na dtreoracha thuasluaite. I gcás modhnuithe atá níos substaintiúla agus i gcás bearta nua, iarrtar ar na Ballstáit formáid theimpléad tosaigh 2021 a leanúint** ([7])

| **Ainm agus uimhir thagartha Chinnidh Cur Chun Feidhme an bhirt** | | |
|---|---|---|
| ***Tuairisc ar an athrú agus an t-údar cuí atá leis*** | | |
| **Gnéithe modhnaithe** | **An leagan reatha** | **An leagan leasaithe** |
| ***Tuairisc ar an gcomhpháirt agus / nó ar an mbeart*** | | |
| ***Garspriocanna agus spriocanna*** | | |
| ***Costas measta*** | | |
| ***Clibeáil ghlas agus dhigiteach*** | | |
| ***Féinmheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh"*** | | |

## CUID 3

## COMHLÁNTACHT AGUS CUR CHUN FEIDHME AN PHLEAN

*Ba cheart do na Ballstáit míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-áirithítear na gnéithe seo a leanas leis an aguisín, i gcomhréir leis na ranna céanna dá bhforáiltear sa teimpléad tosaigh den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta* ([8])*:*

1. **Comhsheasmhacht le tionscnaimh eile**
2. **Comhlántacht an chistithe**
3. **Cur chun feidhme éifeachtach**

([4]) Cuid 2 Roinn 10 lgh. 8-9 https://ec.europa.eu/info/files/commission-staff-working-document-draft-template-recovery-and-resilience-plans_en
([5]) Cuid 2 Roinn 7 lgh. 28-32 https://ec.europa.eu/info/files/guidance-member-states-recovery-and-resilience-plans_en
([6]) Cuid II Roinn 2.D lgh. 36-37 https://ec.europa.eu/info/files/commission-notice-guidance-recovery-and-resilience-plans-context-repowereu_en
([7]) https://ec.europa.eu/info/files/commission-staff-working-document-draft-template-recovery-and-resilience-plans_en
([8]) Cuid 3 Ranna 2-7 lgh. 10-11 https://ec.europa.eu/info/files/commission-staff-working-document-draft-template-recovery-and-resilience-plans_en

4. **Próiseas comhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara**

5. **Rialú agus iniúchóireacht**

6. **Cumarsáid**

*I gcás nach bhfuil aon athrú ann i gcomparáid leis an bplean tosaigh, féadfaidh na Ballstáit a léiriú go simplí go bhfuil na tásca roimhe sin gan athrú.*

## CUID 4

## COMHLEANÚNACHAS AGUS TIONCHAR FORIOMLÁNAN PHLEAN

*Ba cheart do na Ballstáit míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-áirithítear na gnéithe seo a leanas leis an aguisín, i gcomhréir leis na ranna céanna dá bhforáiltear sa teimpléad tosaigh den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta* ([9]). *I gcás nach bhfuil aon athrú ann i gcomparáid leis an bplean tosaigh, féadfaidh na Ballstáit a léiriú go simplí go bhfuil na tásca roimhe sin gan athrú.*

1. **Comhleanúnachas:** *Ba cheart do na Ballstáit a léiriú an chaoi a gcoinnítear ar bun agus a méadaítear, trí na hathruithe, comhleanúnachas agus naisc laistigh de chomhpháirteanna an phlean agus eatarthu, comhleanúnachas an phlean fhoriomláin, agus go háirithe an comhleanúnachas idir gnéithe athchóirithe agus infheistíochta.*

2. **Comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách:** *Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a rannchuidítear leis na dúshláin náisiúnta atá ann cheana a shárú, trí na hathruithe, i dtéarmaí an chomhionannais inscne agus comhdheiseanna do chách, gan beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, aois nó gnéaschlaonadh, i gcomhréir le prionsabail 2 agus 3 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus leas á bhaint as an Scórchlár Sóisialta.*

*Mura mheastar go ndéarfar difear don roinn seo leis na hathruithe, fág gan athrú í le do thoil agus féach ar an roinn ábhartha sa phlean tosaigh.*

3. **Athléimneacht eacnamaíoch, athléimneacht shóisialta agus athléimneacht institiúideach a neartú:** *I gcomhréir leis an roinn chéanna dá bhforáiltear sa teimpléad le haghaidh na chéad taiscthe, ba cheart do na Ballstáit tuarascáil a thabhairt maidir le tionchar maicreacnamaíoch, sóisialta agus institiúideach an phlean mhodhnaithe, a mhéid atá na modhnuithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta mór ó thaobh substainte agus/nó méide de i gcomparáid leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a glacadh roimhe sin (ionchas agus tionchar macra eacnamaíoch agus sóisialta, modheolaíocht, inbhuanaitheacht, comhtháthú sóisialta agus críochach). An tábla Excel comhfhreagrach a sholáthar an Coimisiún, ba cheart do na Ballstáit é a líonadh.*

4. **Comparáid leis an mbonnlíne infheistíochta:** *Iarradh ar na Ballstáit an fhaisnéis seo a sholáthar mar chuid den chéad uair a cuireadh isteach a bplean. Ní bheadh gá le roinn mar sin a thabhairt cothrom le dáta ach amháin go bhfuil an t-aguisín mór go leor, mar shampla i gcás ina mbeadh caibidil REPowerEU á cur isteach, athbhreithniú mór á dhéanamh ar an tacaíocht neamh-in-aisíoctha nó tráinse mhór iasachtaí nua á iarraidh.*

---

([9]) Le haghaidh Comhleanúnachais agus Comhionannas Inscne, féach ar Chuid 1 ranna 3-4, lch. 4; Le haghaidh an tionchair, féach ar Chuid 4, lch. 12 https://ec.europa.eu/info/files/commission-staff-working-document-draft-template-recovery-and-resilience-plans_en

*IARSCRÍBHINN V*

**Teimpléad le Haghaidh na Mballstát**

## CAIBIDIL REPOWEREU

### Clár Ábhar


CUID 1.2: An t údar cuí atá leis an aguisín ....45

CUID 2.1: CAIBIDIL REPOWEREU ....45

1. Cuspóir ginearálta na Caibidle ....45
2. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí sa Chaibidil ....45
   a) Bosca achoimre ....45
   b) Cuspóirí REPowerEU ....46
   c) Tuairisc ar na hathchóirithe agus infheistíochtaí ....46
   d) Tionscadail a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo ....46
   e) Comhairliúchán le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile ....47
   f) An ghné dhigiteach ....47
   g) Clibeáil aeráide agus comhshaoil ....47
   h) An prionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh” ....47
   i) Maoiniú agus costais ....47

SÉANADH

Leis an teimpléad seo, comhlánaítear an teimpléad le haghaidh aguisín Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (go háirithe leanann ranna 1, 3 agus 4 de bheith ábhartha freisin do chaibidil REPowerEU) agus ba cheart é a léamh i gcomhréir leis an treoraíocht nuashonraithe maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU, ina bhfuil treoracha breise a leanann de bheith ábhartha freisin do chaibidil REPowerEU. Iarrtar ar na Ballstáit dul i dteagmháil leis an gCoimisiún má tá aon cheist bhreise acu.

## CUID 1.2

## AN T-ÚDAR CUÍ ATÁ LEIS AN AGUISÍN

*I gcás ina bhfuil modhnú an phlean bunaithe ar thabhairt isteach chaibidil REPowerEU, ba cheart tagairt a dhéanamh do na bunúis dlí seo a leanas sa roinn seo:*

— *Airteagal [21a] chun tairbhe a bhaint as an tacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha bhreise chun rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU agus/nó Airteagal [21b(2)] chun tairbhe a bhaint as aistrithe deonacha ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit (BAR);*

— *Is féidir le hAirteagal 14 agus Airteagal 18(2)* ([1]) *mar a liostaítear iad sa roinn chomhfhreagrach de theimpléad aguisín an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a bheith ina bhforas dlíthiúil freisin do chaibidlí REPowerEU agus ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh i gcás inarb ábhartha*

## CUID 2.1

## CAIBIDIL REPOWEREU

*Tá gá le caibidil REPowerEU i gcás aon Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a chuirtear isteach tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin, má tá gá le cistiú breise don phlean faoi Airteagal 14 (iasachtaí), faoi Airteagal 21d (ioncaim ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE) nó faoi Airteagal 21b (2) (aistrithe BAR). Cumhdófar i gcaibidil REPowerEU rannchuidiú na mBallstát le cuspóirí REPowerEU agus úsáid na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta chun na críche sin.*

### 1. Cuspóir ginearálta na Caibidle

*Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá rompu a bhaineann le REPowerEU. Ba cheart dóibh achoimre a dhéanamh ar an gcaoi a gcuideofar le feabhas a chur ar staid an Bhallstáit, lena n-áirítear lena n-athléimneacht a neartú, trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin leis na bearta a mholtar i gcaibidil REPowerEU. Ba cheart dóibh míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh leis na bearta a mholtar sa chaibidil ar na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha ábhartha, lena n-áirítear timthriall Sheimeastar 2022 agus aon timthriall Seimeastair ina dhiaidh sin.*

### 2. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí sa Chaibidil

*Tá caibidil REPowerEU coibhéiseach le comhpháirt Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Más gá, féadfaidh na Ballstáit í a roinnt ina fo-chomhpháirteanna éagsúla. Mar sin, leanfar treoraíocht agus struchtúr chomhpháirteanna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta léi, mar a leagtar amach i gCuid 2 den teimpléad a chuir an Coimisiún ar fáil i mí Eanáir 2021* ([2])*, lena n-áirítear gach gné atá ann cheana agus na breiseanna agus na modhnuithe seo a leanas ar an struchtúr bunaidh á gcur san áireamh:*

#### a) Bosca achoimre

| Bearta arna dtabhairt isteach/arna méadú le deontais (Airteagal 21d, 21b (2), 18(2)) | | |
|---|---|---|
| **Ainm an bhirt** | **I gcás inarb ábhartha: uimhir thagartha Chinnidh Cur Chun Feidhme atá ann cheana** ([3]) | **Costas measta** |
| | | |
| | | |
| | | |

([1]) Ar bhonn Airteagal 21c (2), is féidir le Ballstáit a bhfuil ranníocaíocht uasta laghdaithe acu i gcomhréir le hAirteagal 11(2) bearta atá ann cheana a bhogadh go dtí caibidil REPowerEU gan iad a mhéadú. Féach freisin cuid 2.1, roinn 2.

([2]) Treoraíocht do na Ballstáit maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta Cuid 2/2, SWD (2021) 12 final, an Bhruiséil 22.1.2021, lgh. 5-6 [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/document_travail_service_part2_v3_en.pdf]

([3]) I gcomhréir le hAirteagal 21c (1), is féidir leis na Ballstáit méaduithe ar na bearta atá ann cheana a bhogadh go dtí caibidil REPowerEU. Ar bhonn Airteagal 21c (2), is féidir leis na Ballstáit a bhfuil ranníocaíocht uasta laghdaithe acu tar éis nuashonrú mhí an Mheithimh 2022 bearta atá ann cheana a bhogadh go dtí caibidil REPowerEU gan iad a mhéadú.

| Bearta arna dtabhairt isteach/arna méadú le deontais (Airteagal 14) | | |
|---|---|---|
| **Ainm an bhirt** | **I gcás inarb ábhartha: uimhir thagartha Chinnidh Cur Chun Feidhme atá ann cheana** [4] | **Costas measta** |
| | | |
| | | |

b) **Cuspóirí REPowerEU**

*Maidir leis an meascán de bhearta atá i gcaibidil REPowerEU, ba cheart do na Ballstáit a léiriú cén cuspóir nó cuspóirí REPowerEU a dtugann siad aghaidh orthu agus conas a thugann siad aghaidh orthu.*

*I bhfianaise na mbeart uile sa chaibidil seo, ba cheart do na Ballstáit míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil na bearta i gcaibidil REPowerEU comhleanúnach le hiarrachtaí eile an Bhallstáit lena mbaineann chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach, agus na bearta sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a glacadh cheana agus iarrachtaí eile a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU arna gcistiú ag foinsí eile seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á gcur san áireamh.*

*Chun "comhleanúnachas" a léiriú, ba cheart do na Ballstáit an réasúnú a leagan amach atá taobh thiar de na bearta atá i gcaibidil REPowerEU a chur leis na bearta atá ann cheana nó atá beartaithe. Ba cheart dóibh a mhíniú conas a líontar na bearnaí atá fós ann ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar leibhéal an Aontais leis na bearta sin, ar bearnaí iad nach dtugtar aghaidh orthu go fóill le bearta roimhe seo.*

*Chun tionchar na caibidle ar laghdú ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a léiriú, molann an Coimisiún do na Ballstáit an laghdú a mheastar a thiocfaidh ar allmhairí gáis nádúrtha ón Rúis in 2027 i gcomparáid le 2019 (billiún méadar ciúbach) a léiriú. D'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith an-úsáideach chun tuiscint a fháil ar iarracht fhoriomlán an Bhallstáit cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.*

c) **Tuairisc ar na hathchóirithe agus infheistíochtaí**

*I gcomhréir le foroinn 3 den teimpléad a chuir an Coimisiún ar fáil i mí Eanáir 2021* [5]*, ba cheart do na Ballstáit tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sonracha atá le maoiniú (go páirteach) leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus ar a n-idirnaisc agus a sineirgí freisin.*

*Féadfaidh na Ballstáit bearta a chur sa roinn seo ar bearta iad (a) bearta atá go hiomlán nua nó (b) bearta dá dtagraítear i gCinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle a glacadh cheana agus a mhéadófar* [6]*. Sa dara chás, ba cheart do na Ballstáit crostagairt a dhéanamh d'fhianaise agus d'anailísí a cuireadh ar fáil cheana agus an fhaisnéis bhreise a theorannú do na gnéithe sin atá modhnaithe, go háirithe costáil nuashonraithe agus garspriocanna agus spriocanna breise. Féadfaidh Ballstáit a bhfuil ranníocaíocht uasta airgeadais laghdaithe acu freisin (c) bearta dá dtagraítear i gCinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle a glacadh cheana a bhogadh chuig caibidil REPowerEU, i gcás ina dtacaíonn siad leis na cuspóirí ábhartha. Ní gá na bearta sin a mhéadú agus is féidir méid costas measta atá cothrom leis an laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais a bheith i gceist leo.*

d) **Tionscadail a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo**

*Ba cheart do na Ballstáit na bearta sa chaibidil seo a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta acu a shonrú, agus ba cheart dóibh, i gcás gach birt, na costais mheasta agus sciar chostais mheasta iomlána na mbeart uile a áirítear i gcaibidil REPowerEU a shonrú.*

*Áirítear leis sin faisnéis faoi Bhallstáit eile a bhfuil baint acu leis na tionscadail agus aon sásra comhordúcháin chun cur i gcrích tráthúil na dtionscadal trasteorann sin a áirithiú.*

---

(4) I gcomhréir le hAirteagal 21c (1), is féidir leis na Ballstáit méaduithe ar na bearta atá ann cheana a bhogadh go dtí caibidil REPowerEU. Ar bhonn Airteagal 21c (2), is féidir leis na Ballstáit a bhfuil ranníocaíocht uasta laghdaithe acu tar éis nuashonrú mhí an Mheithimh 2022 bearta atá ann cheana a bhogadh go dtí caibidil REPowerEU gan iad a mhéadú.

(5) Treoraíocht do na Ballstáit maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta Cuid 2/2, SWD (2021) 12 final, an Bhruiséil 22.1.2021, lgh. 5-6 [https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/document_travail_service_part2_v3_en.pdf]

(6) Breis faisnéise faoi bhearta méadaithe sa Treoraíocht do na Ballstáit maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU, Fógra ón gCoimisiún (2022), an Bhruiséil, 12.5.2022, lch. 21 https://ec.europa.eu/info/files/commission-notice-guidance-recovery-and-resilience-plans-context-repowereu_en

*Maidir le gach beart a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leis, ba cheart do na Ballstáit míniú gearr a thabhairt i dtaca leis na nithe seo a leanas:*

— *an dtugtar nó nach dtugtar aghaidh leis an mbeart ar na dúshláin a sainaithníodh i measúnú an Choimisiúin ar riachtanais Phlean REPowerEU an 18 Bealtaine 2022*

— *an rannchuidiú leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus an éifeacht a bhfuil coinne léi ar shreafaí fuinnimh trasteorann NÓ*

— *an rannchuidiú le slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais.*

*I gcás ina léiríonn Ballstát nach gcomhlíontar an sprioc 30 % thuasluaite leis na bearta i gcaibidil REPowerEU, ba cheart míniú ar na cúiseanna leis sin a chur sa roinn seo.*

e) **Comhairliúchán le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile**

*Sa roinn seo, ba cheart do na Ballstáit comhlánú a dhéanamh ar an achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, maidir le caibidil REPowerEU a chur san áireamh. Ba cheart na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo a shonrú sna hachoimrí sin, toradh na gcomhairliúchán a chur in iúl agus achoimre a thabhairt ar an gcaoi ar léiríodh an t-ionchur a fuarthas i gcaibidlí REPowerEU.*

f) **An ghné dhigiteach**

*Ba cheart do na Ballstáit clibeáil a dhéanamh ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear i gcaibidlí REPowerEU atá le maoiniú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht chlibeála digití a leagtar amach in Airteagal 19(3)(f) agus in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.*

g) **Clibeáil aeráide agus comhshaoil**

*Ba cheart do na Ballstáit na treoracha i dteimpléad mhí Eanáir 2021 a cuireadh ar fáil don chéad Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta* ([7])*a leanúint. Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa bhreis ar an sprioc fhoriomlán 37 % don Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta ina hiomláine agus ar bhearta a rannchuidíonn leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as, nach mór do chaibidil REPowerEU féin sprioc aeráide de 37 % ar a laghad a bhaint amach bunaithe ar chostais iomlána mheasta na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU.*

h) **An prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh"**

*Ba cheart do na Ballstáit féinmheasúnú "gan dochar suntasach a dhéanamh" a chur ar fáil, trí úsáid a bhaint as an teimpléad mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir Theicniúil "Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh" (2021/C58/01), le haghaidh gach birt a áirítear i gcaibidil REPowerEU nach bhfuil faoi réir maolú ón bprionsabal'gan dochar suntasach a dhéanamh', ina sonraítear an chaoi a n-áiritheofar comhlíontacht leis an bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh". I gcás inar féidir agus inarb ábhartha, iarrtar ar na Ballstáit meastachán cainníochtúil ar thionchar na mbeart ar an gcomhshaol a chur ar fáil mar chuid den fhéinmheasúnú freisin.*

*I gcás bearta ar mhaith leis na Ballstáit a mholadh faoin maolú ar an bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh", féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt nó faisnéis bhreise a lorg, ar faisnéis í ar cheart don Bhallstát lena mbaineann a chur ar fáil, maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an maolú a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid.*

i) **Maoiniú agus costais**

*Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar maidir le costas iomlán measta na mbeart i gcaibidil REPowerEU, chomh maith le húdar iomchuí mar thaca leis sin. Ba cheart a áireamh leis sin, i gcás gach athchóirithe agus infheistíochta nua, na gnéithe uile a leagtar amach i Roinn 10 de theimpléad 2021* ([8])*. Maidir le bearta méadaithe i gcás nach mbaineann an t-athrú ach le scála an bhirt, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar maidir leis an gcostas iomlán measta modhnaithe; i gcás nach ndéantar aon athrú ar an údar cuí atá leis na costais i gcomparáid leis an bplean tosaigh, féadfaidh na Ballstáit a shoiléiriú nach bhfuil aon athrú ar an bhfaisnéis a cuireadh in iúl roimhe.*

---

([7]) https://ec.europa.eu/info/files/commission-staff-working-document-draft-template-recovery-and-resilience-plans_en

([8]) Treoraíocht do na Ballstáit maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta Cuid 1/2, SWD (2021) 12 final, an Bhruiséil 22.1.2021.